Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6539/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0042(COD)**

**CLIMA 82**
**ENV 147**
**TRANS 63**
**MI 122**
**CODEC 208**
**IA 23**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 88 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 88 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 88 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 14.2.2023
COM(2023) 88 final

2023/0042 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 100 final} - {SWD(2023) 88 final} - {SWD(2023) 89 final}

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## • Forais agus cuspóirí an togra

Mar cheann de phríomhghnéithe an **Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip**, lena leagtar síos tiomantas an Choimisiúin dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, cumhdaítear sa reachtaíocht leis an **Dlí Aeráide Eorpach** gealltanas an Aontais an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus an uaillmhian idirmheánach a ardú trí sprioc 55 % maidir le glanastaíochtaí ar a laghad a shocrú faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Tá sé sin i gcomhréir le tiomantas an Aontais do ghníomhú domhanda ar son na haeráide faoi Chomhaontú Pháras. Mar gheall ar an ngéarchéim a bhaineann le hionradh na Rúise ar an Úcráin, déantar an cás spleáchas an Aontais ar bhreosla iontaise a laghdú níos láidre fós, mar a léiríodh sa **Phlean RePowerEU**, ina leagtar amach gníomhaíochtaí chun fuinneamh a choigilt, an soláthar a éagsúlú, breoslaí iontaise a ionadú agus infheistíochtaí cliste agus athchóirithe cliste a dhéanamh i ngach earnáil eacnamaíoch.

Tá an t-iompar de bhóthar, go háirithe, freagrach as an gcúigiú cuid d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas agus tá méadú ag teacht ar líon na n-astaíochtaí a bhaineann leis. Is láidre agus is soiléire fós an cás maidir le **soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha** i bhfianaise spleáchas fuinnimh an Aontais a laghdú a luaithe is féidir, ós rud é gurb é an t-iompar de bhóthar is cúis le haon trian den fhuinneamh críochnaitheach a ídítear san Aontas. I ndáil leis sin, cuirtear i dtábhacht i bPlean REPowerEU an gá atá ann coigilteas fuinnimh agus éifeachtúlachtaí in earnáil an iompair a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú i dtreo feithiclí astaíochtaí nialasacha ina gcomhcheanglaítear leictriú agus hidrigin saor ó iontaise in ionad breoslaí iontaise.

Chun na spriocanna aeráide méadaithe sin a bhaint amach, i mí Iúil 2021 ghlac an Coimisiún pacáiste cuimsitheach de thograí beartais comhsheasmhachamar chuid den phacáiste **'Oiriúnach do 55'**.

. Tá an t-iompar freagrach freisin as níos mó ná dhá thrian de na hastaíochtaí NOx uile agus is ionann é agus sciar mór (thart ar 10 % nó níos mó) d'astaíochtaí iomlána na dtruailleán eile. Leanann iompar de bhóthar, go háirithe, de bheith ina chúis le sciar mór d'astaíochtaí na bpríomhthruailleán aeir go léir (seachas $SO_x$).

Gan bearta breise, ní chuirfidh an earnáil sin go leordhóthanach leis na cuspóirí maidir leis an aeráid agus truailliú nialasach do 2030 agus 2050 agus le spleáchas fuinnimh an Aontais a laghdú. Leis na cásanna beartais atá mar bhonn leis an bPlean um Sprioc Aeráide agus leis an bPacáiste 'Oiriúnach do 55', léirítear go mbeidh gá le huaillmhian mhéadaithe chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair a laghdú, mar aon le beartais chun feabhas a chur ar na córais iompair lastais, lena n-áirítear aistriú modha.

Tá earnáil na bhfeithiclí tromshaothair freagrach as níos mó ná aon cheathrú d'astaíochtaí GCT ón iompar de bhóthar san Aontas agus as níos mó ná 6 % d'astaíochtaí GCT iomlána an Aontais. In 2019, bhí astaíochtaí GCT ó fheithiclí tromshaothair 44 % agus 37 % níos airde ná na hastaíochtaí ón eitlíocht iomlán agus ón muiriompar iomlán faoi seach

Ar an iomlán, is mór an tábhacht a bhaineann leis an tionscal mótarfheithiclí do gheilleagar an Aontais agus seasann sé le haghaidh níos mó ná 7 % de OTI an Aontais. Soláthraítear poist leis an earnáil - go díreach nó go hindíreach, sa mhonaraíocht, i ndíolacháin, sa chothabháil, san fhoirgníocht agus san iompar agus i seirbhísí iompair - do bhreis agus 14.6 milliún Eorpach. Tá an tAontas i measc na dtáirgeoirí mótarfheithiclí is mó ar domhan agus léiríonn sé ceannaireacht theicneolaíoch san earnáil sin. Infheistítear EUR 60.9 billiún i dtaighde agus

i bhforbairt sa tionscal mótarfheithiclí san Aontas go bliantúil. Tá tábhacht mhór leis an earnáil feithiclí tromshaothair laistigh den earnáil mótarfheithiclí, agus is iomaí mórláithreán táirgthe d'fheithiclí tromshaothair atá san Aontas. Cé go bhfuil líon na bhfeithiclí tromshaothair nua a tháirgtear san Aontas, thart ar 500 000 aonad, i bhfad níos lú ná an líon carranna a tháirgtear ann, tá an breisluach in aghaidh na feithicle a tháirgtear i bhfad níos airde i gcás feithiclí tromshaothair.

Tá claochlú struchtúrach mór ar siúl sa tionscal mótarfheithiclí lena n- áirítear athruithe ó thaobh teicneolaíochtaí glana agus digiteacha de, go háirithe an t- aistriú ó innill dócháin inmheánaigh i dtreo teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle mar aon le feithiclí a bhfuil a nascacht ag dul i méid. Ba cheart an earnáil mótarfheithiclí a chumhachtú chun leanúint lena ceannaireacht i dteicneolaíochtaí na todhchaí, agus an cheannaireacht sin a láidriú.

Is príomhspreagthóirí iad caighdeáin astaíochtaí **$CO_2$** feithiclí tromshaothair chun astaíochtaí $CO_2$ san earnáil a laghdú. Is é **cuspóir ginearálta** an togra seo caighdeáin nua maidir le hastaíochtaí a sholáthar chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus chun cur leis an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha i gcomhthéacs níos leithne uaillmhian mhéadaithe an Aontais faoi 2030 agus aeráidneodracht an Aontais faoi 2050.

Tá an togra ann ar mhaithe le **trí chuspóir shonracha.** Is é an chéad chuspóir sonrach **astaíochtaí $CO_2$** ó fheithiclí tromshaothair a laghdú ar bhealach costéifeachtach, i gcomhréir le spriocanna aeráide an Aontais, agus cur le feabhsú shlándáil fuinnimh an Aontais an tráth céanna. I bhfianaise nach láithreach éifeacht na gcaighdeán astaíochtaí $CO_2$ ar laghdú na n- astaíochtaí ón stoc feithiclí, agus i bhfianaise dhinimic na hathnuachana flít, baineann tábhacht le luathghníomhaíocht chun a áirithiú go mbainfear an cuspóir fadtéarmach amach.

Is é an dara cuspóir sonrach sochair a sholáthar d'oibreoirí **iompair agus d'úsáideoirí Eorpacha,** ar FBManna iad den chuid is mó, mar gheall ar úsáid níos leithne feithiclí atá níos fuinneamhéifeachtúla. Spreagann caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair monaróirí chun an soláthar feithiclí astaíochtaí nialasacha a mhéadú sa chaoi go bhféadfaidh tomhaltóirí tairbhe a bhaint as samhlacha feithiclí astaíochtaí nialasacha a bheidh níos inacmhainne agus as coigilteas fuinnimh mór mar thoradh ar úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha, rud lena laghdófar costas úinéireachta iomlán na bhfeithiclí sin.

Is é an tríú cuspóir sonrach ceannaireacht **thionsclaíoch agus nuálaíochta an Aontais a neartú** trí infheistíochtaí a threorú i dtreo teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha. Cé gur éirigh leis an earnáil mótarfheithiclí ardteicneolaíochtaí innill dócháin inmheánaigh feithiclí a fhorbairt agus a mhonarú agus iad a mhargú ar fud an domhain, ní mór di níos mó infheistíochtaí a threorú i dtreo teicneolaíochtaí nialasacha chun bheith ina príomhghníomhaí san aistriú leanúnach domhanda i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá dlúthnasc idir an tionscnamh sin agus na tograí a glacadh faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55'.

Trí laghdú ar astaíochtaí ón iompar de bhóthar a áirithiú, tacaíonn na caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ go háirithe leis na Ballstáit agus a spriocanna a chomhlíonadh faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Toisc go spreagtar leictriú feithiclí leis na caighdeáin, rannchuidíonn siad leis na cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh agus soláthraítear bealach comhlántach leo freisin chun úsáid a bhaint as fuinneamh in- athnuaite, rud lena rannchuidítear leis an gcuspóir maidir le foinsí in-athnuaite freisin. Tá an togra i gcomhréir freisin leis na tograí a d'eascair as an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, go háirithe tograí 3 agus 4 maidir leis an athrú aeráide, fuinneamh, iompar, tograí inar cuireadh i dtábhacht go sonrach na spleáchais ar ola

agus ar ghás a laghdú agus úsáid feithiclí leictreacha a chur chun cinn chomh maith le hinfheistíochtaí sa bhonneagar athluchtaithe is gá.

Tá comhlántachtaí soiléire idir caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ agus an trádáil astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus an iompair de bhóthar. Le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$, tugtar aghaidh ar sholáthar feithiclí atá níos éifeachtúla ó thaobh breosla de mar aon le feithiclí astaíochtaí nialasacha, rud lena socraítear ceanglais ar mhonaróirí feithiclí maidir lena bhflíteanna feithiclí nua. Baineann an síneadh leis an trádáil astaíochtaí le húsáid an bhreosla sa stoc feithiclí ar fad. Leis an síneadh sin, d’fhéadfaí an t- éileamh ar fheithiclí, a bheidh níos éifeachtúla ó thaobh breosla de, agus ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a mhéadú, rud lena n- éascófaí le cuspóirí na monaróirí feithiclí ó thaobh éifeachtúlacht $CO_2$ de a chomhlíonadh.

Maidir le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$, lena soláthrófar feithiclí astaíochtaí nialasacha nua don mhargadh, is beart comhlántach iad freisin a ghabhann leis an Treoir maidir le Fuinneamh In- athnuaite, treoir lena spreagfar glacadh na mbreoslaí in- athnuaite agus ísealcharbóin le haghaidh na bhfeithiclí le hinnill dócháin atá sa stoc.

Tá sineirgí tábhachtacha freisin idir caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ agus córas trádála astaíochtaí láidrithe (Córas Trádála Astaíochtaí) agus an Treoir maidir le Fuinneamh In- athnuaite. Leis an gcóras trádála astaíochtaí agus an Treoir maidir le Fuinneamh In- athnuaite, gríosófar dícharbónú na giniúna cumhachta chun gur minice de réir a chéile a bheidh feithiclí astaíochtaí nialasacha, a spreagtar le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$, á gcumhachtú ag foinsí fuinnimh in- athnuaite, rud lena mbainfear dícharbónú na n- astaíochtaí iomlána amach ón tobar go dtí an roth.

Tá sineirgí tábhachtacha ann freisin le togra cineálcheadaithe astaíochtaí Euro 7, lena n-áirithítear go bhfuil gach feithicil chomh glan agus is féidir ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é, fiú i gcás feithiclí astaíochtaí nialasacha, go n-astaítear micreaphlaistigh ó bhoinn agus cáithníní ó chórais choscánaithe. Tá sé beartaithe na hastaíochtaí neamh-sceite sin a rialú in Euro 7.

Ar dheireadh, cé go n- áirithítear soláthar feithiclí astaíochtaí nialasacha le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$, is ionstraim chomhlántach riachtanach é **an Rialachán maidir le hImscaradh Bonneagair Breoslaí Ionadúla** chun aghaidh a thabhairt ar an mbacann margaidh atá ar bhonneagar a chur in úsáid.

Le meascáin de chánachas fuinnimh, infheistíocht i mbonneagar luchtaithe agus athbhreoslaithe, praghsáil carbóin nua agus caighdeáin uasdátaithe $CO_2$, cruthaítear cur chuige atá cothrom agus costéifeachtach chun na hastaíochtaí ón iompar de bhóthar a laghdú, chun aghaidh a thabhairt ar theorainneacha agus ar bhacainní sa mhargadh mar aon le deimhneacht a sholáthar d’infheisteoirí chun infheistiú i dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le gach gníomhaíocht agus beartas de chuid an Aontais agus cuidíonn sé leis an Aontas sprioc mhéadaithe 2030 a bhaint amach mar aon le haistriú rathúil cóir i dtreo sprioc 2050 na haeráidneodrachta, mar a luaigh an Coimisiún i dTeachtaireacht an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Mar aon leis an togra atá mar chuid den phacáiste ‘oiriúnach do 55’, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, Plean REPowerEU agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021- 2027, cuideoidh sé leis na haistrithe glasa agus digiteacha atá mar aidhm ag an Eoraip a bhaint amach. Cuirfidh na beartais sin, i dteannta a chéile, luas faoin aistriú i dtreo geilleagar glan inbhuanaithe lena ndéanfar nasc idir gníomhú ar son na haeráide agus an fás eacnamaíoch. Tá an tionscnamh comhsheasmhach le beartais an Aontais maidir le geilleagar glan agus

ciorclach, leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe chliste agus leis an bPlean Gníomhaíochta Saor ó Thruailliú[1] freisin. Cuireann an tionscnamh le cuspóirí an aeir ghlain, lena n-áirítear caighdeáin níos déine maidir le cáilíocht an aeir san athbhreithniú atá beartaithe[2] ar na Treoracha maidir le Caighdeán an Aeir ós rud é, mar thoradh ar dhlús a chur le glacadh feithiclí tromshaothair nialasacha, go mbeidh laghduithe i dtruailliú aeir, le comhthairbhí d'uisce agus d'ithir freisin as truailliú laghdaithe trí ionchur atmaisféarach.

Mar a fógraíodh ina Theachtaireacht ***Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery*** **[Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa]**[3], tá an Coimisiún rannpháirteach le húdaráis phoiblí, páirtithe leasmhara agus páirtithe sóisialta i bpróiseas comhchruthaitheachta le chéile chun conairí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a shainaithint lena dtacófar le forbairt mhonarú na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha, le bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid go tapa agus leis an uas- sciliú agus athsciliú gaolmhar d'oibrithe. Le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais[4], feabhsófar iomaíochas earnáil astaíochtaí nialasacha na hEorpa agus tacófar leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Tá sé d'aidhm ag an bPlean timpeallacht níos tacúla a chur ar fáil chun dlús a chur le hacmhainneacht mhonaraíochta na hEorpa i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasacha agus na táirgí a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide na hEorpa a bhaint amach.

Tá an tionscnamh sin comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir le forbairt agus nuálaíocht freisin. I dtaca le tacaíocht a thabhairt chun teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a fhorbairt, déantar foráil maidir leis sin faoi Chlár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht freisin, agus go háirithe trí chomhpháirtíochtaí de chuid an chláir Fís Eorpach.

Tá an tionscnamh comhsheasmhach leis an maoiniú ón Aontas maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle agus maidir le hiompar glan. EUR 8.2 billiún do bhonneagar iompar uirbeach glan atá sa chistiú tríd an gCiste Comhtháthaithe, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste um Aistriú Cóir le chéile, EUR 5.1 billiún do rothstoc iompair uirbigh ghlain, EUR 1.1 billiún do bhonneagar breoslaí malartacha, EUR 408 milliún chun astaíochtaí gás ceaptha teasa an iompair uirbigh a dhigitiú, agus EUR 141 mhilliún chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar de bhóthar a dhigitiú. Thairis, EUR 7.7 billiún do bhonneagar iompair uirbeach glan atá sa tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, EUR 5.4 billiún do rothstoc iompair uirbigh ghlain, EUR 60 milliún chun iompar a dhigitiú i gcás ina bhfuil sé tiomnaithe i bpáirt d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san iompar uirbeach, EUR 380 milliún chun an t-iompar a dhigitiú i gcás ina bhfuil sé tiomnaithe i bpáirt d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san iompar de bhóthar, agus EUR 7.6 billiún d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle.

An 12 Eanáir 2023, tháinig an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha i bhfeidhm. Leis an tacar nua rialacha sin chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh de bharr fóirdheontais eachtracha, beidh an tAontas in ann a bheith oscailte i gcónaí le haghaidh na trádála agus na hinfheistíochta, agus cothrom na Féinne á chinntiú ag an am céanna do gach cuideachta atá ag feidhmiú sa Mhargadh Aonair.

[1] COM(2021) 400 final
[2] COM(2022) 542 final
[3] COM(2020) 350 final
[4] COM(2023) 62 final

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 192 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra seo. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus Airteagal 192(1) CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach, inter alia, leis na cuspóirí a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó ar fud an domhain, agus go háirithe leis an athrú aeráide a chomhrac. Bhí Rialachán (AE) 2019/1242 agus Rialachán (AE) 2018/956 araon bunaithe ar Airteagal 192 CFAE.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Is fadhb é an t-athrú aeráide nach féidir a réiteach le gníomhaíochtaí náisiúnta nó áitiúla amháin. Ní mór an gníomhú ar son na haeráide a chomhordú ar an leibhéal Eorpach agus, i ngach cás inar féidir é, ar an leibhéal domhanda. Tá údar le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach ar bhonn coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ó 1992 i leith, tá an tAontas Eorpach ag obair chun réitigh chomhpháirteacha a fhorbairt agus gníomhaíocht dhomhanda a chur ar aghaidh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Go sonrach, le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, déanfar foráil maidir leis na cuspóirí laghdaithe astaíochtaí atá ann le haghaidh 2030 agus maidir leis na cinn fhadtéarmacha a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach, agus an chothromaíocht agus sláine an chomhshaoil á n- áirithiú. In Airteagail 191 go 193 de CFAE, deimhnítear agus sonraítear inniúlachtaí an Aontais i réimse an athraithe aeráide.

I bhfianaise na sprice maidir hastaíochtaí a laghdú le haghaidh 2030, agus i dtaobh chuspóir na haeráidneodrachta atá le baint amach faoi 2050, tá gá le gníomhaíocht níos láidre ón Aontas lena áirithiú go mbeidh rannchuidiú ón earnáil iompair de bhóthar ard go leordhóthanach.

Cé gur féidir le tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil sineirgí a chruthú, ní bheidh siad leordhóthanach ina n- aonar, agus gné idirnáisiúnta bhunúsach an iompair lasta de bhóthar á cur san áireamh freisin. D’fhágfadh easpa gníomhaíochta comhordaithe ón Aontas an riosca go ndéanfaí ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh mar gheall ar éagsúlacht na scéimeanna náisiúnta, leibhéil uaillmhéine dhifriúla agus paraiméadair dhifriúla maidir le ceapadh. Ina n-aonar, bheadh na Ballstáit aonair ina margadh róbheag chun athruithe ar leibhéal an tionscail a spreagadh agus chun barainneachtaí scála a chruthú.

### • Comhréireacht

Leis an togra sin, athbhreithnítear na caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ atá ann cheana le haghaidh feithiclí tromshaothair chun cur le baint amach na spriocanna aeráide a leagtar amach sa Dlí Aeráide. Cloíonn an togra le prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach, agus cothroime agus sláine comhshaoil á n-áirithiú an tráth céanna. Is mó na sochair a fhaightear ná na costais bhreise réamh-mheasta a bhaineann leis an togra.

### • An rogha ionstraime

Leis an togra seo, déantar foráil maidir le Rialachán (AE) 2019/1242 a leasú agus is é Rialachán an t- aon ionstraim dhlí iomchuí dá bhrí sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Glacadh Rialachán (AE) 2019/1242 maidir le Caighdeáin $CO_2$ Feithiclí Tromshaothair agus tháinig sé i bhfeidhm in 2019. Leis an Rialachán sin, socraítear spriocanna $CO_2$ ceangailteacha a mbeidh feidhm leo ón mbliain 2025 ar aghaidh. Ní féidir meastóireacht a dhéanamh ag an bpointe seo ar chur i bhfeidhm éifeachtach na bhforálacha sin.

Tá gá le hathbhreithniú, áfach, chun go mbeidh an Rialachán i gcomhréir le huaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le spriocanna láidrithe an Dlí Aeráide Eorpaigh chun astaíochtaí a laghdú. Bhí na hathruithe sin faoi réir measúnú tionchair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D’eagraigh an Coimisiún comhairliúchán poiblí ón 20 Nollaig 2021 go dtí an 14 Márta 2022 chun faisnéis a bhailiú agus chun trédhearcacht níos mó a áirithiú. Cuirtear achoimre mhionsonraithe agus na torthaí i láthair in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Measúnú Tionchair le haghaidh an togra seo. Chun a bheith níos cruinne, d’iarr an Coimisiún aiseolas ó na páirtithe leasmhara seo a leanas: Na Ballstáit (údaráis náisiúnta, údaráis réigiúnacha), monaróirí feithiclí, soláthróirí comhpháirteanna agus ábhar, ceannaitheoirí feithiclí (cuideachtaí príobháideacha, cuideachtaí bainistíochta flít), soláthróirí fuinnimh, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, iompair agus tomhaltóirí, comhpháirtithe sóisialta, taighde agus lucht acadúil.

Anuas ar an gcomhairliúchán poiblí, lorgaíodh aiseolas freisin ar na bealaí seo a leanas: (i) Cruinnithe le comhlachais thionsclaíocha ábhartha, monaróirí feithiclí, soláthróirí comhpháirteanna agus ábhar, oibreoirí iompair, eagraíochtaí neamhrialtasacha; (ii) Páipéir sheasaimh a chuir páirtithe leasmhara nó údaráis sna Ballstáit isteach. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhthorthaí mar a leanas.

Thacaigh formhór na bhfreagróirí leis na cuspóirí *‘astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair nua a laghdú ar bhealach costéifeachtach i gcomhréir le sprioc foriomlán aeráide 2030 de -55 % ar a laghad agus leis an gcuspóir aeráidneodrachta faoi 2050’*.

Thacaigh tromlach na bhfreagróirí freisin leis an dá chuspóir eile (‘ídiú fuinnimh an Aontais agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú’ agus ‘ceannaireacht theicniúil agus thionsclaíoch a neartú agus fostaíocht a spreagadh i slabhra luacha feithiclí tromshaothair an Aontais’*)* ach bhí tacaíocht níos ísle i gceist i gcomparáid leis an gcéad chuspóir.

Maidir leis an raon feidhme, i ngrúpaí na bpáirtithe leasmhara uile, thacaigh tromlach na bhfreagróirí le spriocanna nua a leagan síos do leoraithe os cionn 7.5 tona, do bhusanna uirbeacha agus do chóistí.

Maidir leis na spriocleibhéil, léirigh an comhairliúchán tacaíocht fhoriomlán chun iad a neartú san fhadtéarma agus sa ghearrthéarma araon. D’iarr eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus monaróirí feithiclí astaíochtaí nialasacha an uaillmhian is mó, agus thacaigh monaróirí feithiclí, oibreoirí iompair, soláthróirí comhpháirteanna agus soláthróirí breoslaí le spriocanna nach raibh chomh huaillmhianach céanna. Measadh go raibh sé tábhachtach caighdeáin a leagan síos le haghaidh leantóirí agus leathleantóirí i measc na bpáirtithe leasmhara uile seachas i gcás leath na n-oibreoirí iompair a chuir tuairimí measctha ar fáil. Maidir le sásra a d’fhéadfaí a thabhairt isteach chun cuntasaíocht a dhéanamh ar bhreoslaí

in- athnuaite agus ísealcharbóin ó thaobh spriocanna $CO_2$ a chomhlíonadh, léiríodh meascán de thuairimí sa chomhairliúchán.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ar mhaithe leis an measúnú cainníochtúil ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil, leis an Measúnú Tionchair, cuireadh le raon cásanna insamhlaithe a forbraíodh le haghaidh shamhail PRIMES. Comhlánaíodh an anailís sin le huirlisí samhaltaithe eile a chur i bhfeidhm, amhail E3ME agus samhail DIONE an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

Foinsíodh sonraí faireacháin ar astaíochtaí GCT agus ar thréithe eile an fhlít feithiclí tromshaothair nua ó na sonraí bliantúla faireacháin mar a thuairiscigh na Ballstáit agus monaróirí iad agus mar a bhailigh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil iad faoi Rialachán (AE) 2018/956.

Bailíodh tuilleadh faisnéise trí chonarthaí seirbhíse a coimisiúnaíodh ó chonraitheoirí seachtracha.

• **Measúnú tionchair**

Tá an Measúnú Tionchair bunaithe ar chásanna samhaltaithe comhtháite lena léirítear idirghníomhaíocht ionstraimí beartais éagsúla ar oibreoirí eacnamaíocha, chun comhlántacht, comhleanúnachas agus éifeachtacht a áirithiú maidir le huaillmhian aeráide 2030 agus 2050 a bhaint amach. Cuirtear san áireamh i gcásanna den sórt sin na beartais a moladh i mí Iúil 2021 mar chuid den phacáiste reachtach 'oiriúnach do 55' agus mar chuid den phacáiste REPowerEU is déanaí, chomh maith leis na caighdeáin nua Euro 7 atá beartaithe.

Thairis sin, ullmhaíodh agus forbraíodh an measúnú tionchair a théann leis an togra seo i gcomhréir leis an treoir is infheidhme maidir le Rialáil Níos Fearr. Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhiúltach uaidh an 16 Meán Fómhair 2022. Tar éis don Bhord iarratas nua a fháil, thug sé tuairim dhearfach an 6 Nollaig 2022, cé gur chuir sé ábhair imní in iúl.

Cuimsíodh na feabhsuithe a bhí molta ag an mBord sa leagan deireanach

Baineann sé sin go háirithe leis na príomhphointí seo a leanas:

- sainaithint a dhéanamh ar an mbearna atá fágtha maidir le laghdú astaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm ag an tionscnamh aghaidh a thabhairt uirthi
- Tuairisc bhreise ar an mbonnlíne
- Faisnéis bhreise maidir leis na costais agus na sochair fhoriomlána a bhaineann leis na meascáin roghanna is ábhartha agus maidir lena gcomhréireacht.
- Soiléirithe ar an rogha thosaíochta
- Plé maidir leis na srianta agus na rioscaí a eascraíonn as tearcúsáid fhéideartha na bpríomhtheicneolaíochtaí agus an bhonneagair tacaíochta, lena n-áirítear anailís bhreise ar éiginnteachtaí a mbíonn tionchar acu ar na torthaí
- Mionsaothrú breise maidir le hiomaíochas inmheánach earnáil na bhfeithiclí tromshaothair.

*Roghanna beartais*

Rinneadh anailís leis an measúnú tionchair ar roghanna beartais a grúpáladh ina dtopaicí chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sainaitheanta agus chun cuspóirí na mbeartas a bhaint amach.

(1) Spriocanna astaíochtaí $CO_2$ maidir le feithiclí tromshaothair nua (raon feidhme, leibhéil, amchlár, módúlachtaí);

A mhéid a bhaineann le spriocleibhéil, cumhdaítear leis na roghanna a breithníodh trí chonair go dtí 2040, rud a léiríonn an cuspóir laghdú de 90 % in astaíochtaí iompair faoi 2050.

Chun rannchuidiú le leibhéal méadaithe foriomlán na huaillmhéine le haghaidh 2030 agus le cuspóir aeráidneodrachta 2050, is é an rogha thosaíochta na spriocanna maidir le $CO_2$ le haghaidh fhlít uile an Aontais le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a láidriú go mór ó 2030 ar aghaidh, agus chun a raon feidhme a leathnú. Leis sin, déanfar foráil maidir leis an stiúradh is gá chun dlús a chur le soláthar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha don mhargadh, tabharfar tairbhí leis d'úsáideoirí feithiclí, spreagfar an nuálaíocht agus an cheannaireacht teicneolaíochta, agus teorannaítear an méadú ar an gcostas do mhonaróirí an tráth céanna. Cuireann caighdeáin na bhfeithiclí tromshaothair le truailleáin aeir a laghdú.

Maidir leis an uainiú chun na spriocanna a theannadh, is é an rogha thosaíochta an cur chuige rialála a choinneáil ar bun lena socraítear spriocanna a bheidh ag laghdú ina gcéimeanna gach 5 bliana chun timthriallta forbartha san earnáil mótarfheithiclí a chur san áireamh.

Bheadh na hioncaim fhéideartha ó phréimheanna astaíochtaí iomarcacha fós ina gcuid de bhuiséad ginearálta an Aontais. Leis na roghanna eile a bhreithnítear, mhéadófaí an t- ualach riaracháin go mór agus ní chruthófaí tairbhí díreacha le haghaidh na hearnála mótarfheithiclí le linn a haistrithe.

Thabharfaí isteach an fhéidearthacht go ndeonófaí sprioc mhaolaithe do mhonaróirí ísealtáirgeachta an Aontais agus do mhonaróirí ísealtáirgeachta nach bhfuil bunaithe san Aontais araon.

(2) dreasachtaí sonracha le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle;

Breithníodh roghanna difriúla a mhéid a bhaineann leis an sásra dreasachta le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, a mhéid a bhaineann leis an gcineál sásra agus leis an gcineál feithiclí ar cheart a chumhdach leis. Is é an rogha thosaíochta, ó 2030 ar aghaidh, deireadh a chur le scéim dreasachta feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle ós rud é go spreagfar glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle sa mhargadh le spriocanna $CO_2$ níos déine is infheidhme ón dáta sin. Dhéanfaí an reachtaíocht a shimpliú leis sin freisin mar aon leis an riosca go mbainfí an bonn dá héifeachtacht a sheachaint.

(3) sásra chun rannchuidiú féideartha na mbreoslaí in- athnuaite agus ísealcharbóin a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna.

Ina leith sin, breithníodh dhá rogha: fachtóir ceartúcháin carbóin nó scéim creidiúnúcháin carbóin. Mar sin féin, is é an rogha thosaíochta gan sásra cuntasaíochta den sórt sin a áireamh, ós rud é nach mbeadh sé sin costéifeachtach do na monaróirí ná do na hoibreoirí ná don tsochaí ina hiomláine, go gcruthódh sé doiléireacht maidir le freagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla spriocanna a bhaint amach, go ndéanfadh sé dochar d'éifeachtacht agus go ndéanfadh sé an t-ualach riaracháin agus an chastacht a mhéadú. Maidir le húsáid breoslaí in- athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn, déantar sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh In- athnuaite, trí thrádáil astaíochtaí an Aontais agus trí na Treoracha maidir le Cánachas Fuinnimh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin i leith Rialáil Níos Fearr, ullmhaíodh an togra go hionchuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht agus ar phlé leanúnach le páirtithe leasmhara.

I gcomparáid leis an Rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair, níltear ag súil go méadófaí na costais riaracháin do ghnólachtaí agus do shaoránaigh leis an togra. Anuas air sin, chun rannchuidiú le simpliú, tá sé beartaithe foráil amháin, i.e. an sásra dreasachtaí 'bónais' maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle, a bhaint ó 2030 ar aghaidh, agus tá sé beartaithe díolúine a thabhairt isteach maidir le monaróirí ísealtáirgeachta.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.[5] Go háirithe, leis an togra seo cuirtear leis an gcuspóir go dtabharfaí ardleibhéal cosanta don chomhshaol i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is gnéithe riachtanacha de chur chun feidhme agus d'fhorfheidhmiú na gcaighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ iad tacair sonraí éagsúla a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair a anailísiú agus a phróiseáil. I bhfianaise na n-éifeachtaí dlíthiúla tábhachtacha a bhaineann leis na tacair sonraí sin a anailísiú agus a phróiseáil, tá gá le hiarrachtaí chun cruinneas agus iontaofacht na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú. Bheadh gá le hacmhainní breise laistigh den Choimisiún agus den Ghníomhaíocht Eorpach Comhshaoil. Leagtar miondealú mionsonraithe ar na himpleachtaí ó thaobh buiséid de amach sa Ráiteas Airgeadais Reachtach.

## 5. GNÉITHE EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá córas seanbhunaithe i bhfeidhm cheana chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1242. Déanann na Ballstáit agus na monaróirí astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair nuachláraithe a thuairisciú don Choimisiún gach bliain.

Gach bliain, foilsíonn an Coimisiún, agus tacaíocht á fáil aige ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, sonraí faireacháin críochnaitheacha na tréimhse tuairiscithe roimhe sin lena n- áirítear feidhmíocht na monaróirí sonracha in aghaidh spriocanna nó conair $CO_2$. Leis an reachtaíocht, leanfar de bheith ag brath ar an gcreat faireacháin agus comhlíontachta seanbhunaithe sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

***Airteagal 1(1): Leasú ar Airteagal 1 – Ábhar agus cuspóirí***

Leasaítear Airteagal 1 chun a mhíniú go leagtar síos leis an togra freisin an ceanglas maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí áirithe feithiclí tromshaothair nua.

***Airteagal 1(2): Leasú ar Airteagal 2 – Raon feidhme***

Leasaítear Airteagal 2 chun raon feidhme an Rialacháin a leathnú chuig raon feidhme Rialachán 2018/956, lena n-áirítear leantóirí nua, busanna uirbeacha, cóistí agus cineálacha

[5] IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

leoraithe eile. Déantar tagairtí do Threoir 2007/46/CE[6] (an Treoir maidir le creat cineálcheadaithe), a aisghaireadh ón 1 Meán Fómhair 2020, a ionadú le tagairtí don Rialachán maidir le creat cineálcheadaithe (AE) 2018/858[7] ag a bhfuil feidhm ón dáta sin. Feithiclí atá deartha agus tógtha nó oiriúnaithe lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin agus ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choimeád, níl siad faoi réir na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$.

***Airteagal 1(3): Leasú ar Airteagal 3 – Sainmhínithe***

Déantar sainmhínithe áirithe a thabhairt cothrom le dáta nó a chur leis.

***Airteagal 1(4): Airteagail 3a agus 3b nua***

Cuirtear Airteagal 3(a) leis, lena leagtar amach cé mhéad a laghdófar na hastaíochtaí $CO_2$ sonracha de chuid fhlít an Aontais de mhótarfheithiclí tromshaothair nua i mblianta áirithe, agus lena sainítear an chaoi a leithdháiltear na spriocanna sin ar na foghrúpaí feithiclí tromshaothair.

Soiléirítear leis freisin nach bhfuil feidhm ag na spriocanna maidir le feithiclí sainchuspóireacha, feithiclí easbhóthair, feithiclí easbhóthair sainchuspóireacha, agus feithiclí oibre, amhail craenacha soghluaiste, feithiclí foraoiseachta nó talmhaíochta.

In Airteagal 3b socraítear ceanglais maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le flít leantóirí nua an Aontais chomh maith le spriocanna feithiclí astaíochtaí nialasacha do bhusanna uirbeacha. Níl feidhm ag an sprioc sin i leith feithiclí astaíochtaí nialasacha maidir le cóistí a úsáidtear le haghaidh iompar paisinéirí réigiúnach agus fadachair, cóistí nach bhfuil ach faoi réir na spriocanna maidir le laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach in Airteagal 3a.

***Airteagal 1(6): Leasú ar Airteagal 5 - Feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle***

Leasaítear Airteagal 5 chun deireadh a chur leis an scéim dreasachta astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle in 2029.

***Airteagal 1(7): Leasú ar Airteagal 6 – Spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ de chuid monaróra***

Leasaítear Airteagal 6 chun na hastaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le leantóirí, agus an sprioc atá ag busanna i leith feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur san áireamh sna spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ de chuid monaróra.

***Airteagal 1(8): Airteagail 6a nua – Aistriú feithiclí idir monaróirí agus 6b – Díolúine do mhonaróirí nach dtáirgeann ach líon beag feithiclí***

Cuirtear Airteagal 6a nua leis, lena dtugtar an deis do mhonaróirí feithiclí aonair a aistriú chun críche a meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ a ríomh, faoi réir coinníollacha áirithe.

Cuirtear Airteagal 6b nua leis, lena dtugtar deis do na monaróirí atá freagrach as níos lú ná 100 feithicil tromshaothair nua a chlárú san Aontas a bheith díolmhaithe ó na spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ .

[6] Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí a fhormheas, mar aon le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin

[7] Rialachán (AE) 2018/858 an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n- aisghairtear Treoir 2007/46/CE

***Airteagal 1(9): Leasú ar Airteagal 7 - Creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta***

Leasaítear Airteagal 7 chun ligean do mhonaróirí creidmheasanna astaíochta nó fiacha astaíochta a chur san áireamh freisin tar éis thréimhse tuairiscithe 2029. Cinntear conair laghdaithe maidir le hastaíochtaí $CO_2$ le haghaidh na tréimhse tuairiscithe do na blianta 2030 go 2040.

***Airteagal 1(10): Airteagail 7a nua – Feithiclí a shannadh do mhonaróir agus 7b — Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ d'fheithiclí de chatagóir M a ríomh***

Cuirtear Airteagal 7a leis chun a shocrú an chaoi a sannfar feithiclí a chláraítear do mhonaróir chun an measúnú ar chomhlíonadh a dhéanamh. Cuirtear Airteagal 7b nua leis chun a shocrú cén chaoi a ndéanfar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ feithiclí de chatagóir M a ríomh i gcás nach é príomh-mhonaróir na feithicle monaróir na feithicle críochnaithí.

***Airteagal 1(12): Leasú ar Airteagal 9 Na sonraí faireacháin a fhíorú***

Leasaítear Airteagal 9 chun cásanna breise a chumhdach nach mór d'údaráis chineálcheadaithe agus do mhonaróirí aon chlaonadh ó na sonraí a thuairiscítear a thuairisciú don Choimisiún.

***Airteagal 1(13): Leasú ar Airteagal 10 Measúnú ar astaíochtaí $CO_2$ tagartha***

Leasaítear Airteagal 10 chun an measúnú ar astaíochtaí $CO_2$ tagartha foghrúpaí feithiclí a cuireadh leis an raon feidhme leathnaithe a chumhdach.

***Airteagal 1(14): Leasú ar Airteagal 11 - Sonraí agus feidhmíocht monaróra a fhoilsiú***

Cuirtear mír nua isteach chun go mbeidh an Coimisiún in ann na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal céanna a chomhlánú nuair is gá na hastaíochtaí tagartha a choigeartú de bharr leasuithe ar an nós imeachtaí lena gcinntear $CO_2$ .

***Airteagal 1(15): Leasú ar Airteagal 13 - Astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair inseirbhíse a fhíorú***

Cuirtear abairt le hAirteagal 13(3) lena leagtar síos an oibleagáid ar an údarás cineálcheadaithe freagrach ráiteas ceartúcháin a eisiúint leis na sonraí ceartaithe agus an ráiteas sin a tharchur chuig an gCoimisiún agus chuig na páirtithe lena mbaineann i gcás nach bhféadfar na sonraí sa doiciméadacht chineálcheadaithe a cheartú faoi Rialachán (AE) 2018/858.

***Airteagal 1(16): Airteagail 13 a go 13f nua***

Le Airteagail 13a go 13f, déantar Airteagail 4 go 9 de Rialachán (AE) 2018/956 a chomhtháthú i Rialachán leasaithe (AE) 2019/1242.

***Airteagal 13a nua – Faireachán agus tuairisciú ag na Ballstáit***

Cuirtear isteach Airteagal 13a nua, Airteagal a chomhfhreagraíonn den chuid is mó d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/956, lena leagtar síos an oibleagáid ar na Ballstáit faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí áirithe maidir leis na feithiclí tromshaothair nua.

***Airteagal 13b nua - Faireachán agus tuairisciú ag Monaróirí nó ag eintitis eile***

Cuirtear isteach Airteagal 13b nua, Airteagal a chomhfhreagraíonn den chuid is mó d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/956, lena leagtar síos an oibleagáid ar mhonaróirí agus ar eintitis eile faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí áirithe maidir leis na feithiclí tromshaothair nua. Cuirtear mír nua isteach lena soiléirítear na hoibleagáidí ar mhonaróirí agus ar eintitis eile atá freagrach as feithicil tromshaothair a chinneadh.

*Airteagal 13c nua - an Chlárlann Lárnach*

Cuirtear isteach Airteagal 13c nua, Airteagal a chomhfhreagraíonn den chuid is mó d'Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/956, lena leagtar síos oibleagáid ar an gCoimisiún Clárlann Lárnach a choinneáil ar bun agus a choinneáil cothrom le dáta.

*Airteagal 13d nua – Tástálacha fíorúcháin ar an mbóthar*

Cuirtear isteach Airteagal 13d nua, Airteagal a chomhfhreagraíonn den chuid is mó d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/956, lena leagtar síos an oibleagáid ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar thorthaí tástálacha fíorúcháin ar an mbóthar i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/956.

*Airteagal 13e nua - Cáilíocht Sonraí*

Cuirtear isteach Airteagal 13e nua, Airteagal a chomhfhreagraíonn den chuid is mó d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/956, leis an oibleagáid ar an gCoimisiún, ar údaráis inniúla agus ar mhonaróirí cáilíocht sonraí a áirithiú bunaithe ar ghníomh cur chun feidhme atá le glacadh ag an gCoimisiún.

*Airteagal 13f nua - Fíneálacha Riaracháin*

Cuirtear Airteagal 13f nua isteach, Airteagal a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/956, maidir leis na fíneálacha riaracháin.

*Airteagal 1(17): Leasú ar Airteagal 14 – Leasuithe ar na hIarscríbhinní*

Le hAirteagal 14, sainítear cumhachtuithe uile an Choimisiún gnéithe teicniúla sna hIarscríbhinní a leasú le gníomhartha tarmligthe. Comhcheanglaítear leis cumhachtuithe Rialacháin (AE) 2018/956 agus 2019/1242 a bhí ann cheana agus cuirtear cumhachtuithe nua leis, cumhachtuithe a raibh gá leo de bharr raon feidhme leathnaithe an Rialacháin atá beartaithe.

*Airteagal 1(18): Leasú ar Airteagal 15 – Athbhreithniú agus Tuarascáil*

Moltar in Airteagal 15 athbhreithniú ar an Rialachán atá beartaithe in 2028.

*Airteagal 1(19): Leasú ar Airteagal 17 – An tarmligean a fheidhmiú*

Nuashonraítear míreanna 2, 3 agus 6 chun na tagairtí do na cumhachtuithe atá sna hAirteagail bhreise nua a cuireadh isteach lena gcomhtháthaítear Rialachán (AE) 2018/956 maidir le Faireachán agus Tuairisciú a chur isteach.

Le ***hAirteagal 2***, aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956.

Le ***hAirteagal 3*** socraítear teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2023/0042 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, comhaontú a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), tá siad sin i gcroílár na Teachtaireachta maidir leis an 'Comhaontú Glas don Eoraip', a ghlac an Coimisiún an 11 Nollaig 2019[3]. Tá riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise thionchair fhíor- thromchúiseacha phaindéim COVID- 19 ar shláinte agus ar fholláine eacnamaíoch shaoránaigh an Aontais.

(2) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, nasctar sraith chuimsitheach beart agus tionscnamh a threisíonn a chéile go frithpháirteach agus atá dírithe ar an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas Eorpach faoi 2050, agus leagtar amach ann straitéis nua fáis arb é is aidhm di sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua- aimseartha iomaíoch, a bheidh tíosach ar acmhainní, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar na

[1] IO C […], […], lch. […].
[2] IO C […], […], lch. […].
[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019) 640 final.

tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. An tráth céanna, déantar difear leis an aistriú sin do mhná agus d'fhir ar bhealaí difriúla agus baineann tionchar áirithe leis ar roinnt grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, amhail daoine scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine le cúlra cine mionlaigh nó mionlaigh eitnigh. Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t- aistriú cóir agus ionchuimsitheach, agus nach bhfágfar aon duine chun deiridh.

(3) Tá an tAontas tiomanta do ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud gheilleagar an Aontais a laghdú faoi 55 % ar a laghad faoi 2030 faoi bhun leibhéil 1990 sa rannchuidiú a tugadh cothrom le dáta agus a cinneadh go náisiúnta, a cuireadh faoi bhráid Rúnaíocht UNFCCC an 17 Nollaig 2020.

(4) I Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], rinne an tAontas an sprioc i leith aeráidneodrachta ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 a chumhdach sa reachtaíocht. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach aeráide an Aontais maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030.

(5) Tá coinne leis go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar leis na laghduithe sin ar astaíochtaí a bhaint amach, lena n- áirítear an earnáil iompair de bhóthar.

(6) Is é is aidhm don phacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55', a ghlac an Coimisiún Eorpach in 2021, sprioc 2030 i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a chur chun feidhme. Cumhdaítear raon réimsí beartais leis. Is cuid lárnach den phacáiste sin an t-athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(7) Sa Teachtaireacht REPowerEU[6] leagadh amach plean chun go mbeidh an tAontas neamhspleách ar bhreoslaí iontaise na Rúise i bhfad roimh dheireadh na 10 mbliana seo. Cuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht, i measc nithe eile, an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht a mhéadú a thuilleadh agus tomhaltas iontaise a laghdú in earnáil an iompair, i gcás inar féidir leictriú a chomhcheangal le húsáid hidrigine atá saor ó iontaise chun breoslaí iontaise a ionadú.

(8) Chun rannchuidiú le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, is gá na ceanglais maidir le laghdú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242 le haghaidh feithiclí tromshaothair a neartú. Is gá conair shoiléir a shocrú freisin le haghaidh tuilleadh laghduithe ó 2030 ar aghaidh chun rannchuidiú le cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050.

4 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

5 Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair nua agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean REPowerEU, COM (2022)230 final an 18 Bealtaine 2022.

(9) Leis na ceanglais láidrithe maidir le laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$, ba cheart méadú a spreagadh i sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha atá á gcur in úsáid ar mhargadh an Aontais agus tairbhí á soláthar d'úsáideoirí agus do shaoránaigh an tráth céanna i dtéarmaí na cáilíochta aeir agus coigilteas fuinnimh, mar aon lena áirithiú gur féidir nuálaíocht i slabhra luacha an tionscail mhótarfheithiclí a choinneáil ar bun. Maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha, áirítear leo faoi láthair feithiclí ceallra- leictreacha, breosla- chille agus feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine, agus tá na nuálaíochtaí teicneolaíochta ag leanúint ar aghaidh.

(10) I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart spriocanna láidrithe nua i leith laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú d'fheithiclí tromshaothair nua don tréimhse ó 2030 ar aghaidh. Ba cheart na spriocanna sin a shocrú ar leibhéal lena dtabharfar comhartha láidir chun dlús a chur le glacadh na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ar mhargadh an Aontais agus chun an nuálaíocht sa teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha a spreagadh ar bhealach costéifeachtach.

(11) Leis an Straitéis Nua Thionsclaíoch[7] déantar foráil maidir le conairí glasa agus conairí i dtreo an aistrithe dhigitigh a chomhchruthú i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile. Sa chomhthéacs sin, tá conair i dtreo an aistrithe á forbairt le haghaidh éiceachóras na soghluaisteachta le gabháil le haistriú an tslabhra luacha sa tionscal mótarfheithiclí. Leis an gconair sin, tugtar aird ar leith ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide sa slabhra soláthair sa tionscal mótarfheithiclí, ar an gcomhairliúchán le páirtithe sóisialta lena n- áirítear leis na Ballstáit, agus ba cheart cur leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip leis an gconair freisin, le tionscnaimh cosúil leis an gComhaontú um Scileanna chun an earnáil phríobháideach a shlógadh mar aon le páirtithe leasmhara eile chun lucht oibre na hEorpa a uas- sciliú agus a athsciliú i bhfianaise na n- aistrithe glasa agus digiteacha agus ar an 'Sásra Chun Cur leis an Tallann' faoi chuimsiú an tionscnaimh 'Leas a bhaint as Buanna i Réigiúin an Aontais'. Tá an chonair ag dul i ngleic freisin leis na gníomhaíochtaí iomchuí agus leis na dreasachtaí iomchuí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun borradh a chur faoi inacmhainneacht na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, an fhéidearthacht do na Ballstáit an Ciste Aeráide Sóisialta atá beartaithe a úsáid chun cabhrú le micrifhiontair trucailí agus leoraithe astaíochtaí nialasacha a cheannach.

Le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais[8], feabhsófar iomaíochas earnáil astaíochtaí nialasacha na hEorpa agus tacófar leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Tá sé d'aidhm ag an bPlean timpeallacht níos tacúla a chur ar fáil chun dlús a chur le hacmhainneacht mhonaraíochta na hEorpa i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasacha agus na táirgí a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide na hEorpa a bhaint amach.

(12) Déanfar na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais a chomhlánú le leathadh amach riachtanach an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe mar a leagtar

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], COM(2021) 350 final an 5 Bealtaine 2021.

[8] COM(2023) 62 final

amach sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla[9].

(13) Chun an t-aistriú chuig an aeráidneodracht a bhaint amach, tá gá le hinfheistíochtaí móra sna heangacha leictreachais lena n-áirítear acmhainneacht fheabhsaithe, athléimneacht agus stóráil fheabhsaithe, chomh maith le naisc bhreise. Maidir leis na feithiclí tromshaothair, leis na spriocleibhéil atá beartaithe in Airteagal 3a don bhliain 2030, beidh sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha i bhflít iomlán na bhfeithiclí atá ag gluaiseacht ar an mbóthar chomh maith leis an ídiú leictreachais san earnáil teoranta i gcónaí. Dá bhrí sin, beidh an tionchar gaolmhar ar an eangach leictreachais teoranta i gcónaí freisin.

(14) Ba cheart solúbthacht leordhóthanach a sholáthar do mhonaróirí maidir lena bhflíteanna a chur in oiriúint le himeacht aimsire chun an t- aistriú i dtreo feithiclí astaíochtaí nialasacha a bhainistiú ar bhealach cost- éifeachtúil, agus is iomchuí dá bhrí sin coinneáil leis an gcur chuige lena laghdaítear spriocleibhéil ina gcéimeanna gach 5 bliana.

(15) Mar gheall ar struchtúr ilchineálach an fhlít trucaile iomláin, ní féidir a thuar go hiomlán an mbeidh forbairtí teicneolaíochtaí tapa go leor le haghaidh gach úsáide nideoige chun a áirithiú go mbeidh teicneolaíocht sceithphíopa astaíochtaí nialasacha ina rogha inmharthana. D’fhéadfaí a áireamh leis sin úsáid amhail feithiclí tromshaothair cianaistir i moirfeolaíocht chríochach shonrach agus in imthosca meitéareolaíocha, cóistí agus leoraithe le haghaidh feidhmeanna ríthábhachtacha slándála agus sábháilteachta nach féidir a chomhlíonadh le teicneolaíochtaí sceithphíopa astaíochtaí nialasacha. Ba cheart na feithiclí i gceist a bheith ina sciar teoranta den fhlít feithiclí tromshaothair ina hiomláine. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba cheart cuid bheag a fhágáil i sprioc 2040 chun forbairtí sa teicneolaíocht nach ann dóibh go fóill a chur san áireamh.

(16) Ba cheart d’údaráis chonarthacha nó d’eintitis chonarthacha, agus bronnadh conarthaí á mbunú acu chun na feithiclí dá dtagraítear i bpointe 4.2 d’Iarscríbhinn I a cheannach nó a úsáid, athléimneacht an tsoláthair a mheas, lena n-áirítear trí bhreithniú a dhéanamh ar an ‘Treoir maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí tríú tír i margadh soláthair an Aontais’ (C(2019) 5494 final).

(17) I ngeall ar na spriocanna níos déine le haghaidh fhlít uile an Aontais ó 2030 ar aghaidh, beidh ar mhonaróirí i bhfad níos mó feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid ar mhargadh an Aontais. Sa chomhthéacs sin, ní chomhlíonfadh an sásra dreasachta le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a chuspóir bunaidh a thuilleadh agus bheadh an riosca ann leis go mbainfí an bonn d’éifeachtacht Rialachán (AE) 2019/1242. Ba cheart deireadh a chur le sásra dreasachta feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle ó 2030 ar aghaidh dá bhrí sin.

(18) Tá meastóireacht déanta ar an bhféidearthacht an t- ioncam ó na préimheanna astaíochtaí iomarcacha a shannadh do chiste sonrach nó do chlár ábhartha mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2019/1242, leis an gconclúid go ndéanfaí an t- ualach riaracháin a mhéadú go mór leis sin, agus nach rachadh sé chun tairbhe na hearnála mótarfheithiclí díreach le linn a haistrithe. Maidir leis an

[9] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 14.7.2021, COM/2021/559 final.

ioncam ó na préimheanna astaíochtaí iomarcacha, ba cheart, dá bhrí sin, go leanfaí é a bhreithniú mar ioncam le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/1242.

(19) Ba cheart an t-ábhar a mhéadú chun go gcumhdófar freisin na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a chomhtháthaítear i Rialachán (AE) 2019/1242 trí bhíthin an Rialacháin seo.

(20) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/1242 a leasú chun an raon feidhme céanna a chumhdach a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

(21) I gcás feithiclí, nach bhfuil faoi raon feidhme na reachtaíochta maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí, amhail tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta, feithiclí a dheartar agus a thógtar lena n-úsáid ag fórsaí armtha agus feithiclí leagtha rian, ní chinntear na hastaíochtaí $CO_2$ agus, dá bhrí sin, ní gá do na feithiclí sin na spriocanna $CO_2$ a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

Feithiclí atá deartha agus tógtha nó oiriúnaithe lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin agus ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun, nó as cúram leighis práinneach atá cineálcheadaithe dá ndeoin féin, ba cheart iad a dhíolmhú freisin ón ngá spriocanna $CO_2$ an Rialacháin seo a bhaint amach ionas nach gcruthófar dreasacht gan feithiclí den sórt sin a chineálcheadú go deonach, rud a mbeadh impleachtaí diúltacha sábháilteachta agus comhshaoil aige, mura rud é go n-iarrfaidh an monaróir go ndéanfar na feithiclí sin a áireamh.

Ba cheart do na Ballstáit a bheith i dteideal díolúine a léiriú freisin ón ngá atá ann na spriocanna a bhaint amach i gcás feithiclí nach bhfuil deartha go sonrach, ach atá cláraithe, lena n-úsáid ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí, as fórsaí armtha nó as cúram leighis práinneach a choinneáil ar bun, amhail cóistí a úsáidtear chun póilíní nó fórsaí airm a iompar, trína dheimhniú go bhfreagraíonn an díolúine sin do leas an phobail.

Maidir le grúpaí feithiclí áirithe, feithiclí atá cineálcheadaithe, nach gcinntear astaíochtaí $CO_2$ ina leith go fóill ar chúiseanna teicniúla, ní gá do na feithiclí sin na spriocanna $CO_2$ a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach. Is éard atá i gceist leo sin, mar shampla, feithiclí sainchuspóireacha, amhail craenacha soghluaiste, iompróirí hiodrálacha trealaimh nó feithiclí iompair le haghaidh ualach eisceachtúil, feithiclí easbhóthair, amhail feithiclí áirithe a úsáidtear chun críocha mianadóireachta, foraoiseachta agus talmhaíochta, chomh maith le feithiclí eile a bhfuil cumraíochtaí acastóra neamhchaighdeánacha acu amhail feithiclí a bhfuil níos mó ná ceithre acastóir nó níos mó ná dhá acastóir tiomána acu, busanna beaga ag a bhfuil uasmhais níos ísle ná 7.5 t acu, agus leoraithe beaga ag a bhfuil uasmhais níos lú ná 5 t.

Feithiclí oibre, amhail trucailí dramhaíola, dumpairí nó meascthóirí coincréite, ba cheart iad a dhíolmhú i gcónaí ó ríomh mheánastaíochtaí sonracha CO2 na monaróirí.

---

[10] Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair nua (IO L 173, 9.7.2018, lch. 1).

(22) Ba cheart sainmhínithe áirithe a thabhairt isteach chun an téarmaíocht a chomhchuibhiú leis an téarmaíocht i reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadú feithiclí, go háirithe Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún[12].

(23) Chun críocha aistriú feithiclí idir monaróirí a tugadh isteach le déanaí agus chun díolúine a bhunú do mhonaróirí nach dtáirgeann ach líon beag feithiclí, ba cheart sainmhíniú ar an téarma 'grúpa eintiteas nasctha' a chur isteach le Rialachán (AE) 2019/1242, de réir na téarmaíochta a úsáidtear i Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] le haghaidh feithiclí saothair éadroim.

(24) Chun na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí aonair a shainiú, ba cheart spriocanna laghdaithe $CO_2$ le haghaidh an fhlít feithiclí tromshaothair nua ar fud an Aontais a chruthú ina spriocanna laghdaithe sonracha i leith foghrúpaí, ar foghrúpaí iad ba cheart a shainiú de réir shaintréithe teicniúla na bhfeithiclí atá iontu.

(25) Ós rud é go bhfuil tionchar mór ag na hastaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le leantóirí ar astaíochtaí foriomlána CO2 agus ar ídiú fuinnimh foriomlán mótarfheithiclí, ba cheart spriocanna le haghaidh leantóirí a shainiú freisin.

(26) Mar gheall ar ullmhacht theicniúil na fo-earnála agus mar gheall ar an ngá atá le cáilíocht an aeir i gcathracha a fheabhsú, ba cheart sciar íosta sainordaitheach de bhusanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha a shocrú.

(27) Le sciar sainordaitheach de bhusanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha, ba cheart go léireofaí an gá atá le hiompar poiblí inacmhainne sa tsochaí, lena n-áirítear i gceantair thuaithe. Ba cheart tionchar dearfach a bheith ag an méadú ar sholáthar busanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha a eascróidh as sciar íosta sainordaitheach den sórt sin ar chostas ceannaigh, ó thaobh praghas ceannaigh tosaigh agus costas iomlán úinéireachta busanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha, rud lena léireofar coigilteas breosla iontaise a eascróidh as oibriú na mbusanna. Le soláthar comhpháirteach busanna uirbeacha atá ag tógáil ar an Ardán um Bhusanna Glana, is féidir costas ceannaigh busanna den sórt sin a laghdú a thuilleadh, agus d'fhéadfadh na Ballstáit an Ciste Sóisialta Aeráide atá beartaithe a úsáid chun tacú le saoránaigh leochaileacha le ticéid nó le síntiúis iompair phoiblí laghdaithe nó saor in aisce. Ar deireadh, tá busanna agus cóistí réigiúnacha agus cianaistir, lena n-áirítear iad siúd le haghaidh iompair i gceantair thuaithe, fós faoi réir na spriocanna d'fheithiclí tromshaothair. Le tacaíocht ón gCiste Aeráide Sóisialta, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar riachtanais

---

[11] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE.

[12] Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1).

[13] Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

shonracha na gceantar tuaithe agus bochtaineacht iompair a chosc[14] trí rochtain ar iompar poiblí inacmhainne a áirithiú.

(28) Ba cheart an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a chur i bhfeidhm ar feadh thréimhse tuairiscithe na bliana 2029, ós rud é nach meastar go bhfuil sé riachtanach a thuilleadh tar éis an ama sin mar dhreasacht chun tabhairt isteach feithiclí astaíochtaí nialasacha sa mhargadh a chur chun cinn.

(29) Ós rud é gur cheart eintitis tráchtála seachas eintitis dhlíthiúla a mheas maidir le comhlíonadh, ba cheart cead a bheith ag monaróirí atá nasctha go heacnamaíoch, laistigh de theorainneacha áirithe, feithiclí a aistriú eatarthu chun cuntas a thabhairt ar na feithiclí sin faoi Rialachán (AE) 2019/1242.

(30) Anuas air sin, chun forbairt teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha nua a neartú i gcuideachtaí speisialaithe beaga agus meánmhéide, ba cheart é a bheith indéanta freisin feithiclí astaíochtaí nialasacha a aistriú idir eintitis nach bhfuil nasctha.

(31) Chun costais chomhlíonta arda atá díréireach a sheachaint agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart monaróirí a tháirgeann líon beag feithiclí a chomhlíonann ceanglais dhlíthiúla áirithe a dhíolmhú ó chomhlíonadh le spriocanna astaíochtaí $CO_2$. Ós rud é go gceanglaítear orthu oibleagáidí tuairiscithe Rialachán (AE) 2019/1242 a chomhlíonadh, tá sásra rialaithe iomchuí ann do na monaróirí sin.

(32) Ba cheart síneadh a chur leis an gcóras reatha de chreidmheasanna astaíochta ilbhliantúla agus d'fhiacha astaíochta go dtí 2039 ós rud é go leanann spriocanna laghdaithe de bheith ag neartú tar éis 2030 go dtí 2040 agus go bhfuil gá ar mhonaróirí forbairtí teicniúla réamhbhreathnaitheacha a dhéanamh le linn na tréimhse sin.

(33) Ba cheart a leagan síos go soiléir i Rialachán (AE) 2019/1242 maidir le gach catagóire feithicle cé hé an monaróir ar cheart feithicil a shannadh dó, agus ar an gcaoi sin na cnuasaigh éagsúla le haghaidh feithiclí i gcatagóir M a chur san áireamh go sonrach.

(34) Leis na rialacha maidir le fíorú na sonraí faireacháin, ba cheart go gcumhdófaí, freisin, ceartúcháin ex post a d'fhéadfaí a dhéanamh ar earráidí i sonraí tuairiscithe den sórt sin agus an chaoi ar cheart don Choimisiún ceartúcháin den sórt sin a láimhseáil chun na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ an fhlít a chur chun feidhme.

(35) Ba cheart an measúnú ar astaíochtaí $CO_2$ tagartha a leasú chun na foghrúpaí feithiclí a áirítear le déanaí i raon feidhme Rialachán 2019/1242 a chumhdach freisin.

(36) Is réamhchoinníoll riachtanach é faireachán agus tuairisciú a dhéanann monaróirí agus na Ballstáit chun Rialachán (AE) 2019/1242 a chur chun feidhme. Dá ndéanfaí Rialachán (AE) 2018/956 a chumasc i Rialachán (AE) 2019/1242, ba cheart sineirgí a bheith ann agus ba cheart go mbeifí in ann na forálacha a léirmhíniú agus cuspóirí an dá Rialachán á gcur san áireamh.

(37) Nuair a dhéantar forálacha faireacháin agus tuairiscithe a chumasc i Rialachán (AE) 2019/1242, ba cheart an deis a thapú na forálacha sin a mhodhnú beagán i bhfianaise na taithí a fuarthas ón gcéad dá thimthriall tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2018/956.

(38) Agus é á chur san áireamh nach monaróirí amháin a dhéanfaidh an cinneadh as seo amach, ba cheart an tuairisciú ar astaíochtaí $CO_2$ agus ar shonraí teicniúla eile na bhfeithiclí a leathnú amach thar mhonaróirí go dtí na heintitis sin a dhéanann cinneadh na bhfeithiclí faoi Rialachán (AE) 2017/2400 agus faoi Rialachán Cur Chun Feidhme

14 I gcomhréir leis an sainmhíniú sa Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta, Airteagal 2(2a)

(AE) 2022/1362 ón gCoimisiún[15]. Ba cheart comhad taifid an mhonaróra a bheith sna sonraí atá le tuairisciú.

(39) Ba cheart a chumasú don Choimisiún an dul chun cinn teicniúil, an éabhlóid ar lóistíocht iompair lastais, na coigeartuithe is gá bunaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus leasuithe ar an reachtaíocht chineálcheadaithe bhunúsach a chur san áireamh agus a áirithiú go leanfaidh na ceanglais sonraí agus an nós imeachta faireacháin agus tuairiscithe de bheith ábhartha le himeacht ama chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú fhlít feithiclí tromshaothair le hastaíochtaí $CO_2$ , chun a áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil maidir le teicneolaíochtaí nua agus ardteicneolaíochtaí lena laghdaítear $CO_2$ agus maidir le torthaí na tástála fíoraithe ar an mbóthar agus chun a áirithiú go leanfaidh na raonta luacha tarraingthe aeir de bheith ábhartha chun críocha faisnéise agus inchomparáideachta, agus chun na forálacha maidir le fíneálacha riaracháin a fhorlíonadh.

(40) Ar na cúiseanna sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú a dhéanamh ar na critéir lena sainmhínítear foghrúpaí feithiclí, lena sainmhínítear feithiclí seirbhíse, do raonta oibríochtúla teicneolaíochtaí éagsúla gléasraí cumhachta, liosta agus meáchan na bpróifílí misin, na pálastaí, líon na bpaisinéirí, maiseanna paisinéirí, pálastaí uasta atá incheadaithe go teicniúil, uaslíon paisinéirí atá incheadaithe go teicniúil agus toirteanna lasta d'fhoghrúpaí feithiclí agus luachanna míleáistí bliantúla, leasú a dhéanamh ar na ceanglais sonraí agus ar an nós imeachta faireacháin agus tuairiscithe a leagtar síos sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, na sonraí a shonrú a bheidh le tuairisciú ag na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí tástálacha fíoraithe ar an mbóthar, na raonta luacha tarraingthe aeir a leasú, agus sainiú a dhéanamh ar na critéir, ar ríomh agus ar mhodh bailithe na bhfíneálacha riaracháin a fhorchuirtear ar mhonaróirí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(41) Ba cheart Rialachán (AE) 2018/956 a aisghairm le hamlíne lenar féidir an tréimhse tuairiscithe atá ar siúl tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thabhairt i gcrích faoi na rialacha is infheidhme ag tús na tréimhse tuairiscithe sin, lena n-áirítear an phróiseáil uile a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na sonraí a bhailítear. Dá réir sin, ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ó thús na tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin.

(42) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1242 a leasú dá réir sin,

---

[15] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 an 1 Lúnasa 2022 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO2, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1242**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

**Ábhar agus cuspóir**

1. Bunaítear sa Rialachán seo ceanglais feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i gcás feithiclí tromshaothair nua chun rannchuidiú le sprioc an Aontais a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/842[16], agus chun rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú Pháras[17] a bhaint amach agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

2. Leagtar síos leis an Rialachán seo, freisin, na riachtanais maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair nua atá cláraithe san Aontas.';

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí nua atá cineálcheadaithe nó atá ceadaithe ina n-aonar faoi Rialachán (AE) 2018/858 nó nach gceanglaítear cineálcheadú ina leith faoi Airteagal 2(3) den Rialachán céanna, ar feithiclí iad a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas:

(a) $M_2$ agus $M_{3;}$

(b) $N_{1,}$ nach dtagann faoi Rialachán (AE) 2019/631, $N_2$ agus $N_3$;

(c) $O_3$ agus $O_4$.

Chun críocha an Rialacháin seo, déanfar tagairt do na feithiclí sin mar fheithiclí tromshaothair. Déanfar tagairt d'fheithiclí faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) mar mhótarfheithiclí tromshaothair.

Tagraíonn na catagóirí feithiclí dá dtagraítear sa Rialachán seo do na catagóirí feithiclí mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/858 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.';

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'2. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur feithiclí tromshaothair nua i dtréimhse tuairiscithe ar leith na feithiclí dá dtagraítear i mír 1, má

[16] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 16, 19.6.2018, lch. 26).

[17] IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

chláraítear iad san Aontas den chéad uair sa tréimhse sin agus nár cláraíodh roimhe sin lasmuigh den Aontas iad.’;

(ii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le feithiclí a cláraíodh den chéad uair ar feadh tréimhse nach faide ná mí amháin agus a cláraíodh chun críche trasdula chuig tír lasmuigh den Aontas, agus chun na críche sin amháin.’;

(c) Cuirtear isteach mír 4, mír 5 agus mír 6 seo a leanas:

‘4. D’ainneoin Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2017/2400, ní bheidh feithiclí ceadaithe a thagann faoi Airteagal 2(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/858 faoi réir na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a leagtar amach in Airteagal 3a den Rialachán seo, ach amháin má roghnaíonn an monaróir na feithiclí sin a áireamh agus a n-astaíochtaí agus a spriocanna sonracha $CO_2$ á ríomh nuair a bheidh an fheithicil á tuairisciú i gcomhréir le Cuid B d’Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

5. Feithiclí seachas na feithiclí sin dá dtagraítear i mír 4 atá cláraithe lena n-úsáid ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí, as seirbhísí armtha nó as cúram leighis práinneach a choinneáil ar bun, ní bheidh siad faoi réir na spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ faoi Airteagal 3a, má léiríonn Ballstát amhlaidh sa phróiseas clárúcháin agus tuairiscithe, agus ar an gcaoi sin á dheimhniú sna sonraí arna dtuairisciú i gcomhréir le Cuid A d’Iarscríbhinn IV nach féidir feithicil astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle a sheirbheáil go cothrom ar chuspóir na feithicle agus gurb é leas an phobail, dá bhrí sin, feithicil a chlárú le hinneall dócháin chun an cuspóir sin a chomhlíonadh.

6. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos in Airteagail 13a go 13f freisin maidir leis na feithiclí nach bhfuil faoi réir spriocanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i gcomhréir le míreanna 4 agus 5 den Airteagal seo.’;

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

‘(1) ciallaíonn ‘astaíochtaí $CO_2$ tagartha’ meán na n-astaíochtaí sonracha $CO_2$ sa tréimhse thagartha de chuid na bhfeithiclí tromshaothair nua uile i ngach foghrúpa feithiclí, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 3 d’Iarscríbhinn I;’;

(b) cuirtear pointí (3a) agus (3b) seo a leanas isteach:

‘(3a) ciallaíonn ‘tréimhse tuairiscithe’ tréimhse bliana ar leith ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh an bhliain ina dhiaidh sin;

(3b) ciallaíonn ‘tréimhse thagartha’ an tréimhse tuairiscithe do bhliain áirithe a sonraítear na hoibleagáidí um laghdú rialála d’fhoghrúpa feithicle áirithe ina leith faoin Rialachán seo;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

'(5) ciallaíonn 'sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$' sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ monaróra aonair arna cinneadh go bliantúil don tréimhse tuairiscithe roimhe sin i gcomhréir le pointe 4 d'Iarscríbhinn I;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (9):

'(9) ciallaíonn 'feithicil seirbhíse' feithicil tromshaothair atá beartaithe lena húsáid le haghaidh dualgais shonracha, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn I de réir na faisnéise atá ina deimhniú comhréireachta;';

(e) scriostar pointe (10);

(f) cuirtear pointí (10a) agus (10b) seo a leanas isteach:

'(10a) ciallaíonn 'tuairisceoir' eintiteas atá freagrach as sonraí a thuairisciú don Choimisiún;

(10b) ciallaíonn 'feithicil tromshaothair a chinneadh' a hastaíochtaí $CO_2$ nó a paraiméadair ionchuir a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400 nó an measúnú ar a feidhmíocht a chinneadh maidir lena tionchar ar astaíochtaí $C0_2$ agus ar ídiú breosla de réir Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún;';

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (11):

'(11) ciallaíonn 'feithicil astaíochtaí nialasacha' na feithiclí seo a leanas:

(a) feithicil tromshaothair nach bhfuil níos mó ná 5 g/(t°km) nó 5 g/(p°km) d'astaíochtaí $CO_2$ aici mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400;

(b) mótarfheithicil tromshaothair a chomhlíonann coinníollacha phointe 1.1.4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo murar cinneadh aon astaíochtaí $CO_2$ i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400;

(c) Leantóir atá feistithe le gaireas a thacaíonn go gníomhach lena thiomáint agus nach bhfuil inneall dócháin inmheánaigh aige nó ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh a astaíonn níos lú ná 5 g CO2/kWh mar a chinntear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus na bearta cur chun feidhme ann nó Rialachán (CE) Uimh. 49 de chuid UNECE.

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

'(12) ciallaíonn 'feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle' feithicil tromshaothair, seachas feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha, a bhfuil astaíochtaí sonracha $CO_2$ aici is lú ná a leath d'astaíochtaí tagartha $CO_2$ na bhfeithiclí ar fad san fhoghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil tromshaothair, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 2.3.4 d'Iarscríbhinn I;';

(i) cuirtear isteach pointí (16) go (23) mar a leanas:

'(16) ciallaíonn 'príomhfheithicil feithicle tromshaothair' príomhfheithicil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (22), de Rialachán (AE) 2017/2400, a leithdháiltear comhlacht cineálach i leith a hionsamhlúcháin a

chomhfhreagraíonn do chorp na feithicle tromshaothair i ndáil lena cumraíochtaí urláir (íseal/ard), deice (aonair/dúbailte) agus aon pharaiméadar eile de réir mar is infheidhme;

(17) ciallaíonn 'feithicil lánchríochnaithe' feithicil lánchríochnaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (26), de Rialachán (AE) 2018/858;

(18) ciallaíonn 'feithicil iomlán' feithicil iomlán mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) 2018/858;

(19) ciallaíonn 'feithicil easbhóthair' feithicil easbhóthair mar a shainmhínítear i gCuid A, pointe 2.1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858;

(20) ciallaíonn 'feithicil shainchuspóireach' feithicil shainchuspóireach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (31), de Rialachán (AE) 2018/858;

(21) ciallaíonn 'feithicil shainchuspóireach easbhóthair' feithicil shainchuspóireach easbhóthair mar a shainmhínítear i gCuid A, pointe 2.3.1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858;

(22) ciallaíonn 'deimhniú comhréireachta' deimhniú comhréireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (5), de Rialachán (AE) 2018/858;

(23) ciallaíonn 'conradh poiblí', i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí agus mura sonraítear a mhalairt, conradh poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (5) de Threoir 2014/24/AE, 'conarthaí' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir 2014/25/AE, chomh maith le 'lamháltais' mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1) de Threoir 2014/23/AE';

(j) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'grúpa monaróirí atá nasctha' monaróir agus a ghnóthais atá nasctha.

Ciallaíonn 'gnóthas gaolmhar' an méid seo a leanas:

(a) gnóthais ina sealbhaíonn an monaróir, go díreach nó go neamhdhíreach:

(i) an chumhacht chun níos mó ná an leathchuid de na cearta vótála a fheidhmiú; nó

(ii) an chumhacht chun níos mó ná an leathchuid de chomhaltaí an bhoird maoirseachta, an bhoird bainistíochta nó na gcomhlachtaí atá ina n-ionadaithe dlíthiúla don ghnóthas a cheapadh; nó

(iii) an ceart chun gnóthaí an ghnóthais a bhainistiú;

(b) gnóthais a shealbhaíonn, go díreach nó go neamhdhíreach, cearta nó cumhachtaí ar an monaróir arb iad na cearta nó na cumhachtaí iad dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) gnóthais ina sealbhaíonn gnóthas dá dtagraítear i bpointe (b), go díreach nó go neamhdhíreach, na cearta nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (a);

(d) gnóthais ina sealbhaíonn an monaróir, i dteannta ceann amháin nó níos mó de na gnóthais dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c), nó ina sealbhaíonn dhá ghnóthas nó níos mó de na gnóthais sin dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c), go comhpháirteach na cearta nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (a);

(e) gnóthais ina bhfuil na cearta nó na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) ar seilbh go comhpháirteach ag an monaróir nó ag ceann amháin nó níos mó dá ghnóthais atá nasctha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) agus ag tríú páirtí amháin nó níos mó.';

(4) cuirtear na hAirteagail 3a go 3c seo a leanas isteach:

'Airteagal 3a

**Spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$**

1. Déanfar meánastaíochtaí $CO_2$ fhlít an Aontais d'fheithiclí tromshaothair nua, seachas feithiclí sainchuspóireacha, feithiclí easbhóthair, feithiclí sainchuspóireacha easbhóthair, agus feithiclí oibre a laghdú de réir na gcéatadán seo a leanas i gcomparáid le meánastaíochtaí $CO_2$ na tréimhse tuairiscithe na bliana 2019:

(a) faoi 15 %, maidir le foghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH le haghaidh thréimhse tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029,

(b) faoi 45 %, maidir leis na foghrúpaí feithiclí uile le haghaidh thréimhse tuairiscithe na mblianta 2030 go 2034,

(c) faoi 65 %, maidir leis na foghrúpaí feithiclí uile le haghaidh thréimhse tuairiscithe na mblianta 2035 go 2039,

(d) faoi 90 %, maidir leis na foghrúpaí feithiclí uile le haghaidh na tréimhse tuairiscithe don bhliain 2040 agus amach ansin.

2. Maidir leis na spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ sin, ní mór do na foghrúpaí feithiclí rannchuidiú mar a leagtar síos i bpointe 4.3 d'Iarscríbhinn I.

3. Déanfar na hastaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le flít leantóirí nua an Aontais a fheabhsú i gcomhréir le pointe 4.3 d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 3b

**Sprioc i leith feithiclí astaíochtaí nialasacha do bhusanna uirbeacha**

1. Maidir le feithiclí dá dtagraítear i bpointe 4.2 d'Iarscríbhinn I, comhlíonfaidh monaróirí sciar íosta na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ina bhflít feithiclí tromshaothair nua mar a leagtar síos i bpointe 4.3 d'Iarscríbhinn I. Maidir le busanna uirbeacha nua, 100 % a bheith i sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ón tréimhse tuairiscithe don bhliain 2030.;

2. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh sciar teoranta de na busanna uirbeacha a chláraítear i ngach tréimhse tuairiscithe a eisiamh ón oibleagáid faoin Airteagal seo, lena ndeimhnítear nach féidir le feithicil astaíochtaí nialasacha freastal ar chuspóir na feithicle ar bhealach comhionann agus, dá bhrí sin, gur chun leas an phobail é feithicil nach feithicil astaíochtaí nialasacha í a chlárú chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, de bharr an chostais shocheacnamaíoch i bhfianaise moirfeolaíocht chríochach shonrach nó imthosca meitéareolaíocha.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun sainiú a dhéanamh ar an sciar uasta feithiclí is féidir le Ballstát a eisiamh, agus ar an gcostas agus tairbhe socheacnamaíoch i bhfianaise moirfeolaíocht chríochach agus imthoisc mheitéareolaíoch lena dtugtar údar maith leis an eisiamh dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

3. Maidir le húsáid feithiclí dá dtagraítear san Airteagal seo, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna, lena n-áirítear caighdeáin, a sholáthar maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an idir-inoibritheacht theicniúil agus oscailte idir an bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe agus na feithiclí, ó thaobh naisc fhisiciúla agus malartú cumarsáide de.

(b) comhroinnt agus úsáid shábháilte shlán na sonraí a ghintear.

Airteagal 3c

**Nósanna imeachta soláthair phoiblí**

1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain conarthaí poiblí do cheannach nó d'úsáid na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 3b ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch lena n-áireofar an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr agus an ranníocaíocht maidir le slándáil soláthair na tairisceana, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha.

2. Déanfar ranníocaíocht na tairisceana le cinnteacht an tsoláthair a mheasúnú, inter alia, bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) cion na dtáirgí nó na dtairiscintí de thionscnamh tríú tíortha, mar a chinntear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(b) beart sriantach nó saobhach a thabhairt isteach ag tríú tíortha maidir le feithiclí den sórt sin nó maidir le hidir-inoibritheacht oscailte idir an bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe agus na feithiclí;

(c) infhaighteacht páirteanna spártha riachtanacha d'fheidhmiú an trealaimh atá faoi réir na tairisceana;

(d) gealltanas ón tairgeoir nach ndéanfaidh athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ina shlabhra soláthair le linn fhorghníomhú an chonartha dochar d'fhorghníomhú an chonartha;

(e) deimhniú nó doiciméadacht lena léirítear go gcuirfidh eagrú shlabhra soláthair an tairgeora ar a chumas dó an ceanglas maidir le slándáil an tsoláthair a chomhlíonadh.

3. I gcomhréir le hAirteagal 3b, tabharfar ualú idir 15 % go 40 % de chritéir na dámhachtana do rannchuidiú na tairisceana le slándáil an tsoláthair. ';

(5) in Airteagal 4, an chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) na sonraí arna dtuairisciú maidir le feithiclí tromshaothair nua an mhonaróra arna gclárú sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin; agus';

(6) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh an Coimisiún, ón 1 Iúil 2020 den chéad uair agus gach tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin go dtí tréimhse tuairiscithe na bliana 2029, maidir le gach

monaróir, an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle don tréimhse tuairiscithe roimhe sin a chinneadh.

Leis an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha agus leis an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha ísle, cuirfear san áireamh líon agus astaíochtaí $CO_2$ na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle i bhflít an mhonaróra.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás na dtréimhsí tuairiscithe ón mbliain 2025 go dtí 2029, is ar bhonn thagarmharc 2 % a chinnfear an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle, i gcomhréir le pointe 2.3.2 d'Iarscríbhinn I.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I ngeall ar an bhfachtóir astaíochtaí nialasacha agus ar an bhfachtóir astaíochtaí ísle, laghdófar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra faoi 3 % ar a mhéad. Maidir leis an rannchuidiú leis an bhfachtóir sin i leith feithiclí astaíochtaí nialasacha de chatagóir N, seachas iad siúd i bhfoghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH, laghdófar meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra faoi 1.5 % ar a mhéad.';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'Airteagal 6

**Spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ sonracha de chuid monaróra**

Maidir le tréimhse tuairiscithe na bliana 2025 agus do gach tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin, cinnfidh an Coimisiún sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ do gach monaróir don tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Déanfar an sprioc sin a chinneadh i gcomhréir le pointe 4.1 d'Iarscríbhinn I.';

(8) cuirtear isteach na hAirteagail 6a agus 6b seo a leanas:

'Airteagal 6a

**Feithiclí a aistriú idir monaróirí**

1. Chun críche meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ na monaróirí a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4 agus pointe 2.2 d'Iarscríbhinn I, féadfar feithiclí aonair a aistriú idir monaróirí, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás gach aistrithe: ní mór an iarraidh a chur isteach i gcomhpháirt ag an monaróir aistritheach agus ag an monaróir is faighteoir;

(b) chun feithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad a aistriú, ní mór don mhonaróir aistritheach agus don mhonaróir is faighteoir a bheith ina gcuid de ghrúpa monaróirí atá nasctha;

(c) chun feithicil astaíochtaí nialasacha a aistriú idir monaróirí nach mbaineann le grúpa monaróirí atá nasctha: ní rachaidh líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a aistrítear chuig monaróir thar 5 % dá fheithiclí tromshaothair nua uile a chláraítear i dtréimhse tuairiscithe ar leith.

Cuirfidh na monaróirí na hiarrataí ar aistriú in iúl don Choimisiún trí úsáid a bhaint as na huirlisí leictreonacha arna soláthar ag an gCoimisiún.

2. I gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíontar coinníollacha aistrithe, ní chuirfidh sé an fheithicil aistrithe san áireamh chun luachanna ábhartha an mhonaróra aistrithe a ríomh, ach cuirfidh sé san áireamh iad chun luachanna ábhartha an mhonaróra is faighteoir a ríomh.

Airteagal 6b

**Díolúine do mhonaróirí nach dtáirgeann ach líon beag feithiclí**

1. I gcás inar cláraíodh níos lú ná 100 feithicil tromshaothair nua de chuid monaróra i dtréimhse tuairiscithe ar leith, socrófar meánastaíochtaí $CO_2$ sonracha dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus i bpointe 2.7 d'Iarscríbhinn I agus na spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ sonracha dá bhforáiltear in Airteagal 6 agus i bpointe 4.1 d'Iarscríbhinn I mar '0' sa tréimhse tuairiscithe lena mbaineann.

2. Ní dhéanfar luachanna na meánastaíochtaí $CO_2$ sonracha agus na hastaíochtaí $CO_2$ sonracha a áireamh san fhoilseachán faoi Airteagal 11 i gcás na monaróirí agus na dtréimhsí tuairiscithe lena mbaineann.

3. Ní chuirfear an díolúine a leagtar síos i mír 1 i bhfeidhm i dtréimhse tuairiscithe ar leith in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) arna iarraidh sin don mhonaróir;

(b) má chuireann an monaróir iarraidh isteach go n-aistreofar feithiclí i gcomhréir le hAirteagal 6a;

(c) más cuid é an monaróir de ghrúpa monaróirí atá nasctha a chláraigh, i dteannta a chéile, níos mó ná 100 feithicil sa tréimhse tuairiscithe sin, nó má tá an monaróir le monaróir eile nach bhfuil feidhm ag díolúine mhír 1 ina leith.

4. Monaróirí atá ina gcuid de ghrúpa de réir bhrí mhír 3, pointe (c), cuirfidh siad in iúl don Choimisiún má chláraigh siad níos lú ná 100 feithicil i dtréimhse tuairiscithe ar leith.

5. Monaróirí nach bhfuil feidhm ag an díolúine a leagtar síos i mír 1 ina leith, déanfaidh siad an Coimisiún a chur ar an eolas, i ngach tréimhse tuairiscithe, faoina ngnóthais nasctha go léir a chomhlíonann coinníollacha na díolúine a leagtar síos i mír 1.

6. Cuirfidh na monaróirí an fhaisnéis is gá in iúl don Choimisiún trí úsáid a bhaint as na huirlisí leictreonacha arna soláthar ag an gCoimisiún.';

(9) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Chun a chinneadh an bhfuil a spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ sonracha á gcomhlíonadh ag monaróir le linn thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2039, cuirfear san áireamh na creidmheasanna astaíochta agus na fiacha astaíochta atá aige arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 5 d'Iarscríbhinn I, a chomhfhreagraíonn do líon na bhfeithiclí tromshaothair nua de chuid an mhonaróra, i dtréimhse tuairiscithe, arna iolrú faoi na nithe seo a leanas:';

(b) i mír 1, an dara fomhír, cuirtear '2039' in ionad '2029';

(c) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Gheofar fiacha astaíochta i dtréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2039. Mar sin féin, ní rachaidh an fiach astaíochta iomlán monaróra thar 5 % de

sprioc an mhonaróra i leith astaíochtaí $CO_2$ sonracha arna iolrú faoi líon na bhfeithiclí tromshaothair de chuid an mhonaróra sa tréimhse sin ('an teorainn maidir le fiach astaíochta').';

(d) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír:

'Aistreofar, i gcás ina mbeidh fáil orthu, creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta a gheofar i dtréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2039, ó thréimhse tuairiscithe féilire amháin go dtí an chéad tréimhse tuairiscithe eile. Mar sin féin, glanfar aon fhiach astaíochta a bheidh fágtha i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2029, 2034 agus 2039.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Socrófar conairí laghdaithe i leith astaíochtaí $CO_2$ do gach monaróir i gcomhréir le pointe 5.1 d'Iarscríbhinn I, bunaithe ar na conairí líneacha seo a leanas:

(a) idir an sprioc thagartha i leith astaíochtaí $CO_2$ agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhsí tuairiscithe na bliana 2025 nó 2030 mar a shonraítear in Airteagal 3a(1), pointí (a) agus (b),

(b) idir an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2025 agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2030 mar a shonraítear in Airteagal 3a(1), pointe (b),

(c) idir an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2030 agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2035 mar a shonraítear in Airteagal 3a(1), pointe (c), agus

(d) idir an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2035 agus an sprioc i leith astaíochtaí $CO_2$ do thréimhse tuairiscithe na bliana 2040 mar a shonraítear in Airteagal 3a(1), pointe (d).';

(10) cuirtear isteach na hAirteagail 7a agus 7b seo a leanas:

'Airteagal 7a

**Feithicil a shannadh do mhonaróir**

Agus na spriocanna i leith meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ in Airteagal 4 agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ in Airteagal 6 á ríomh, déanfar na feithiclí a chláraítear i dtréimhse tuairiscithe ar leith a shannadh do na monaróirí seo a leanas:

(a) d'fheithiclí de chatagóir N, don mhonaróir feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (4a), de Rialachán (AE) 2017/2400;

(b) d'fheithiclí de chatagóir M, chuig an bpríomh-mhonaróir feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (29), de Rialachán (AE) 2017/2400;

(c) d'fheithiclí de chatagóir O, don mhonaróir feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362.

Airteagal 7b

**Na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ d'fheithiclí de chatagóir M a ríomh**

Maidir le feithiclí de chatagóir M, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ i bhfoghrúpa monaróra a ríomh, measfar go mbeidh astaíochtaí sonracha $CO_2$ feithicle tromshaothair nua de chatagóir M i

bpointe 2.2.2. d'Iarscríbhinn I iomlán nó lánchríochnaithe agus ní chuirfear san áireamh iad i bpointe 2.2.3 d'Iarscríbhinn I.

(b) mar sin féin, arna iarraidh sin don mhonaróir dá dtagraítear in Airteagal 7a, pointe (b), agus faoi réir an choinníll a leagtar amach i mír 3, measfar feithicil tromshaothair nua de chatagóir M le hastaíochtaí sonracha $CO_2$ a príomhfheithicle i bpointe 2.2.3 d'Iarscríbhinn I agus ní mheasfar í i bpointe 2.2.2. d'Iarscríbhinn I.

(c) ní bheidh iarraidh dá dtagraítear i bpointe (b) le haghaidh feithicil tromshaothair nua de chatagóir M inghlactha más gnóthais atá nasctha nó an t-eintiteas dlíthiúil céanna a monaróir mar a shainítear in Airteagal 7a, pointe (b), agus monaróir a feithicle iomláine nó a feithicle lánchríochnaithí mar a shainítear in Airteagal 3(4a) de Rialachán (AE) 2017/2400. Trí iarraidh den sórt sin a dhéanamh, dearbhaíonn monaróir go bhfuil faisnéis tacaíochta ag an gcoinníoll sin agus cuirfidh sé faisnéis tacaíochta ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

(d) déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht, na huirlisí agus an treoir nós imeachta is gá a chur ar fáil in am trátha i bhformáid leictreonach do mhonaróirí chun na hiarrataí dá dtagraítear i bpointe (b) a chur in iúl.';

(11) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i bpointe (a) de mhír 1, cuirtear 'ar aghaidh' in ionad 'go 2029';

(b) scriostar pointe (b) de mhír 1;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Measfar astaíochtaí $CO_2$ iomarcacha a bheith ag monaróir in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás, le linn aon cheann de thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2028, 2030 go 2033, 2035 go 2038, ina sáróidh suim na bhfiach astaíochta arna laghdú le méid na gcreidmheasanna astaíochta an teorainn maidir le fiach astaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1), an tríú fomhír;

(b) i gcás, le linn thréimhse tuairiscithe na mblianta 2029, 2034, 2039 agus 2040, gur dearfach suim na bhfiach astaíochta arna laghdú le méid na gcreidmheasanna astaíochta nialas;

(c) i gcás, ó thréimhse tuairiscithe na bliana 2041 ar aghaidh, ina sáróidh meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a sprioc i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ .';

(12) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tabharfaidh údaráis chineálcheadaithe agus na monaróirí tuairisc don Choimisiún gan mhoill maidir le haon cheann de na claontaí seo a leanas:

(a) i gcás ina n-imíonn luachanna astaíochta feithiclí tromshaothair atá i seirbhís mar thoradh ar fhíoruithe arna ndéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo ó na luachanna a léirítear i ndeimhnithe comhréireachta nó sa chomhad faisnéise custaiméara dá dtagraítear in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2017/2400;

(b) i gcás inar sainaithníodh earráidí de dheasca sonraí ionchuir míchearta nó cúiseanna eile le linn chur i gcrích an chinnidh maidir le $CO_2$ ;

(c) i gcás inar sainaithníodh earráidí i gcur i gcrích an fhaireacháin agus an tuairiscithe maidir le $CO_2$ ;

(d) aon chlaonadh eile seachas iad sin a luaitear i bpointí (a), (b) agus (c).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfaidh an Coimisiún na claontaí dá dtagraítear i mír 1 a chur san áireamh agus meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra agus na hastaíochtaí $CO_2$ tagartha á ríomh agus breathnóidh sé ar leasú a dhéanamh ar na cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 11 dá réir sin. Ní sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún claontaí a chur san áireamh má bhíonn claonadh níos lú ná 0.1 % mar thoradh ar athríomh ar mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra nó ar astaíochtaí $CO_2$ tagartha.';

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'Airteagal 10

**Measúnú ar astaíochtaí $CO_2$ tagartha**

1. Chun stóinseacht agus ionadaíochas astaíochtaí $CO_2$ tagartha na bhfoghrúpaí feithiclí a áirithiú, a mbeidh feidhm ag tréimhse tuairiscithe don bhliain 2024 nó níos déanaí ina leith mar thréimhse thagartha i gcomhréir le pointe 3.2 d'Iarscríbhinn I, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha faoinar cinneadh astaíochtaí $CO_2$ tagartha agus cinnfidh sé ar méadaíodh na hastaíochtaí sin go míchuí agus, más amhlaidh gur méadaíodh, cén chaoi a bhfuil siad le ceartú.

2. Má chinneann an Coimisiún go ndéanfar na hastaíochtaí tagartha go léir nó cuid díobh a cheartú, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) lena ndéanfar na ceartúcháin sin.';

(14) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Maidir leis an liosta atá le foilsiú faoin 30 Aibreán den bhliain tar éis bliana inar tháinig deireadh le tréimhse thagartha, áireofar ann na hastaíochtaí $CO_2$ tagartha arna gcinneadh sa tréimhse thagartha sin.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Leasóidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi mhír 1:

(a) i gcás ina leasaítear na nósanna imeachta cineálcheadaithe dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 595/2009, seachas na leasuithe a bhaineann leis na luachanna pálasta agus líon paisinéirí arna n-úsáid chun astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh, sa chaoi go dtiocfaidh méadú nó laghdú níos mó ná 5 g $CO_2$ /km ar leibhéal astaíochtaí $CO_2$ ó na feithiclí ionadaíocha arna sonrú de bhun na míre seo:

(i) déanfar na hastaíochtaí tagartha coigeartaithe sin a ríomh i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn II;

(ii) foilseofar na luachanna nua mar chomhlánú ar luachanna roimhe sin, agus léireofar an tréimhse tuairiscithe nuair a chuireann siad i bhfeidhm den chéad uair iad;

(b) i gcás inar leasaíodh na hIarscríbhinní i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointí (a) go (f):

(i) déanfar astaíochtaí $CO_2$ tagartha a foilsíodh roimhe seo a athríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, agus na paraiméadair arna leasú de réir ceann de phointí Airteagal 14(1), pointe (a) go (f) á gcur san áireamh;

(ii) foilseofar an tacar astaíochtaí tagartha athríofa agus cuirfear é in ionad na sraithe astaíochtaí tagartha a bhí ann roimhe sin ón tréimhse tuairiscithe ina mbeidh feidhm den chéad uair ag na paraiméadair leasaithe de réir ceann de phointí Airteagal 14(1), pointí (a) go (f), den chéad uair.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3. I gcás leasuithe ar na nósanna imeachta cineálcheadaithe dá dtagraítear i mír 2(a), déanfar sa ghníomh cur chun feidhme leasaitheach modheolaíocht a shonrú nó a bhunú chun feithicil ionadaíoch amháin nó níos mó d'fhoghrúpa feithiclí a shainiú, lena n-áirítear a n-ualuithe staidrimh agus luachanna an phálasta agus an lín paisinéirí a úsáidfear chun astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh, ar ar a mbonn a chinnfear an coigeartú dá dtagraítear i mír 2(a), agus na sonraí faireacháin arna dtuairisciú de bhun an Rialacháin seo agus saintréithe teicniúla na bhfeithiclí a liostaítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2017/2400. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) den Rialachán seo.';

(15) i mír 3 d'Airteagal 13, cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

'I gcás nach bhféadfar na sonraí sna comhaid faisnéise custaiméara, sna deimhnithe comhréireachta ná sna deimhnithe um fhormheas aonair a cheartú faoi Rialachán (AE) 2018/858, eiseoidh an t- údarás cineálcheadaithe atá freagrach ráiteas ceartúcháin ina mbeidh na sonraí ceartaithe agus tarchuirfidh sé an ráiteas sin chuig an gCoimisiún agus chuig na páirtithe lena mbaineann.';

(16) cuirtear na hAirteagail 13a go 13f seo a leanas isteach:

'Airteagal 13a

**Faireachán agus tuairisciú ag na Ballstáit**

1. Ag tosú ó thréimhse tuairiscithe na bliana [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an bhliain: má thagann an Rialachán i bhfeidhm roimh an 1 Iúil, cuir isteach bliain theacht i bhfeidhm an Rialacháin lúide 1; más tar éis an 30 Meitheamh a thiocfaidh sé i bhfeidhm, cuir isteach an bhliain ina dhiaidh sin*], déanfaidh na Ballstáit faireachán ar na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IV, Cuid A a bhaineann le feithiclí tromshaothair nua a chláraítear san Aontas den chéad uair.

Faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, ó 2020 ar aghaidh, tuairisceoidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí na tréimhse tuairiscithe roimhe sin (an 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh) don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

2. Is iad na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo na húdaráis inniúla sin arna n-ainmniú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/631.

3. Beidh feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil nó arna n-oiriúnú lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin agus ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun faoi réir na hoibleagáide faoin Airteagal seo, mura rud é go bhfuil siad díolmhaithe ar bhonn forálacha eile.

4. Feithiclí atá cláraithe lena n-úsáid ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag cúram leighis práinneach agus ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun agus feithiclí atá cláraithe lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha, beidh siad faoi réir na hoibleagáide faoin Airteagal seo, gan beann ar iad a bheith díolmhaithe ó Airteagal 3a, mura rud é go bhfuil siad díolmhaithe ar bhonn forálacha eile.

Airteagal 13b

**Tuairisciú ó mhonaróirí nó ó eintitis eile atá freagrach as astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair a chinneadh**

1. Monaróirí nó eintitis eile atá freagrach as feithicil tromshaothair a chinneadh lena ndírítear ar oibleagáidí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400 nó Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362, tuairisceoidh siad sonraí na feithiclí tromshaothair nua i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i gcuid B d'Iarscríbhinn IV.

Faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, tuairisceoidh siad na sonraí sin le haghaidh gach feithicle tromshaothair nua le dáta cinnidh nó measúnaithe a thagann laistigh den tréimhse tuairiscithe dar críoch an 30 Meitheamh don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le monaróirí nó le heintitis eile a dhíolmhaítear i gcomhréir le hAirteagal 6b.

2. Ceapfaidh gach monaróir nó gach eintiteas eile de réir bhrí mhír 1 pointe teagmhála chun críche sonraí a thuairisciú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Beidh feidhm ag an oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 13a, míreanna 3 agus 4 maidir le monaróirí agus eintitis eile de réir bhrí mhír 1.

Airteagal 13c

**Clár lárnach do shonraí maidir le feithiclí tromshaothair**

1. Coimeádfaidh an Coimisiún clár lárnach do shonraí maidir le feithiclí tromshaothair ('an clár') arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 13a agus 13b.

Beidh an clár ar fáil go poiblí seachas na hiontrálacha sonraí a liostaítear i bpointe 3.2.2 d'Iarscríbhinn V.

Maidir le hiontráil sonraí 23 a shonraítear i gCuid B, pointe 2 d'Iarscríbhinn IV, cuirfear an luach ar fáil go poiblí i bhformáid raoin mar a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn IV.

2. Is é an Ghníomhaireacht a dhéanfaidh an clár a bhainistiú thar ceann an Choimisiúin.

Airteagal 13d

**Faireachán a dhéanamh ar thorthaí tástálacha fíoraithe ar bhóthar**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thorthaí tástálacha fíoraithe ar bhóthar, i gcás ina mbeidh fáil ar na torthaí sin, faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 chun fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair nua.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 d'fhonn an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na sonraí a shonrú a bheidh le tuairisciú ag údaráis inniúla na mBallstát chun críocha mhír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 13e

**Cáilíocht na sonraí**

1. Is iad na húdaráis inniúla agus na monaróirí a bheidh freagrach as cruinneas agus cáilíocht na sonraí a thuairiscíonn siad de bhun Airteagail 13a agus 13b. Cuirfidh siad in iúl don Choimisiún, gan mhoill, aon earráid a bhraitear sna sonraí arna dtuairisciú.

2. Déanfaidh an Coimisiún a fhíorú féin ar cháilíocht na sonraí arna dtuairisciú de bhun Airteagail 13a agus 13b.

3. I gcás ina gcuirtear earráidí sna sonraí in iúl don Choimisiún, nó ina bhfionnann an Coimisiún neamhréitigh sa tacar sonraí, de bhun a fhíoraithe féin, glacfaidh sé, nuair is iomchuí, na bearta is gá chun na sonraí atá foilsithe sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 13c a cheartú.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta fíoraithe agus ceartaithe dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16.

Airteagal 13f

**Fíneálacha riaracháin**

1. Féadfaidh an Coimisiún fíneáil riaracháin a ghearradh i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfionnann sé, maidir le sonraí arna dtuairisciú ag an monaróir de bhun Airteagal 5 den Rialachán seo, go n-imíonn siad ó shonraí a eascraíonn ó chomhad taifead an mhonaróra nó ó dheimhniú cineálcheadaithe an innill arna eisiúint faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 595/2009, agus gur d'aonghnó a rinneadh an diall nó mar gheall ar mhórfhaillí é an diall;

(b) i gcás nach ndéantar na sonraí a tharchur faoin spriocdháta is infheidhme de bhun Airteagal 5(1) agus nach bhfuil bonn cirt cuí leis an moill sin.

Chun críocha na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) a fhíorú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na húdaráis chineálcheadaithe ábhartha.

Beidh na fíneálacha riaracháin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus ní bheidh siad níos mó ná EUR 30 000 in aghaidh na feithicle tromshaothair ar a bhfuil tionchar ag sonraí diallta nó moillithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b).

2. Glacfaidh an Coimisiún, ar bhonn na bprionsabal a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo, gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an nós imeachta, modhanna ríofa agus bailithe na bhfíneálacha riaracháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leagan síos.

3. Leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2, urramófar na prionsabail seo a leanas:

(a) leis an nós imeachta arna bhunú ag an gCoimisiún, urramófar an ceart chun dea-riaracháin, agus go háirithe an ceart chun éisteacht a fháil agus an ceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad, agus leasanna dlisteanacha na rúndachta agus rún tráchtála á n-urramú ag an am céanna;

(b) agus an fhíneáil riaracháin iomchuí á ríomh aige, beidh prionsabail na héifeachtachta, na comhréireachta agus na hathchomhairleachta mar threoir ag an gCoimisiún, agus aird á tabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar thromchúis agus ar éifeachtaí an diallta nó na moille, líon na bhfeithiclí tromshaothair lena mbaineann na sonraí diallta nó moillithe, meon macánta an mhonaróra, méid díchill agus comhoibrithe an mhonaróra, athdhéanamh, minicíocht nó ré an tsáraithe nó na moille chomh maith le smachtbhannaí a forchuireadh roimhe sin ar an oibreoir eacnamaíoch céanna;

(c) baileofar fíneálacha riaracháin gan moill mhíchuí trí spriocdhátaí a shocrú le haghaidh na híocaíochta agus, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear deis a chur ar fáil na híocaíochtaí a roinnt ina dtráthchodanna agus ina gcéimeanna éagsúla.

4. Measfar, maidir leis na méideanna a thiocfaidh ó na fíneálacha riaracháin, gur ioncam iad le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais.'

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'Airteagal 14

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 d'fhonn na gnéithe seo a leanas in Iarscríbhinn I a leasú chun an dul chun cinn teicniúil, éabhlóid lóistíochta iompair lastais, na coigeartuithe is gá bunaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin agus leasuithe ar an reachtaíocht chineálcheadaithe bhunúsach a chur san áireamh, go háirithe Rialacháin (AE) 2018/858 agus (AE) 595/2009:

(a) na critéir lena sainítear foghrúpaí feithiclí a leagtar amach i bpointe 1.1;

(b) na critéir lena sainítear feithiclí oibre a leagtar amach i bpointe 1.2;

(c) na critéir maidir le raonta oibríochtúla teicneolaíochtaí gléasraí cumhachta éagsúla a leagtar amach i bpointe 1.3;

(d) liosta na bpróifílí misin a leagtar amach i bpointe 1.4;

(e) meáchan na bpróifílí misin a leagtar amach i bpointe 2.1;

(f) na pálastaí, líon paisinéirí, maiseanna paisinéirí, na pálastaí uasta atá incheadaithe go teicniúil, an t-uaslíon paisinéirí atá incheadaithe go teicniúil agus toirt lastais na bhfoghrúpaí feithiclí *sg* a leagtar amach i bpointe 2.5;

(g) luachanna an mhíleáiste bhliantúil a leagtar amach i bpointe 2.6.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 d'fhonn an ghné seo a leanas in Iarscríbhinn IV a leasú:

(a) na ceanglais sonraí a shonraítear i gCuid A agus i gCuid B chun dul chun cinn teicniúil, na coigeartuithe is gá bunaithe ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus leasuithe ar an reachtaíocht chineálcheadaithe fholuiteach a chur san áireamh, go háirithe Rialacháin (AE) 2018/858 agus (AE) 595/2009;

(b) na raonta a leagtar amach i gCuid C a nuashonrú nó a choigeartú chun athruithe i ndearadh feithicle tromshaothair a chur san áireamh agus chun a áirithiú go leanfaidh na raonta de bheith ábhartha fós chun críocha faisnéise agus inchomparáideachta;

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 d'fhonn na gnéithe seo a leanas in Iarscríbhinní V a leasú:

(a) an nós imeachta faireacháin agus tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a choigeartú chun an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur san áireamh agus chun é a oiriúnú don chur chun cinn teicniúil;

(b) pointe 3.2 a leasú trí iontrálacha sonraí a cuireadh leis an gclár as an nua a chur leis.'

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

'Airteagal 15
Athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, in 2028, ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh toradh an athbhreithnithe.

I gcás inarb iomchuí, beidh togra ag gabháil leis an tuarascáil chun an Rialachán seo a leasú.'

(19) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

'Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3b, in Airteagal 11(2), in Airteagal 13(4), an dara fomhír, in Airteagal 13c(3), in Airteagal 13d(2), in Airteagal 13e(4), in Airteagal 13f(2) agus in Airteagal 14(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2), in Airteagal 13(4), an dara fomhír, in Airteagal 13c(3), in Airteagal 13d(2), in Airteagal 13e(4), in Airteagal 13f(2) agus in Airteagal 14(1) a chúlghairm aon tráth.';

(c) i mír (6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad 'Airteagal 11(2), an dara fomhír d'Airteagal 13(4) agus Airteagal 14(1)': 'Airteagal 11(2),

Airteagal 13(4), an dara fomhír, Airteagal 13c(3), Airteagal 13d(2), Airteagal 13f(2) agus Airteagal 14(1)’;

(20) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242;

(21) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1242 mar Iarscríbhinní IV, V agus VI a ghabhann leis an Rialachán sin;

*Airteagal 2*
**Rialachán (AE) 2018/956 a aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 le héifeacht ón [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta an chur i bhfeidhm*].

Déanfar tagairtí do Rialachán (AE) 2018/956 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm leis ón 1 Iúil [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an bhliain féilire = bliain an 1 Iúil tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh seo*].

Mar sin féin, i ndáil le tréimhsí tuairiscithe roimh [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = dáta = dáta cur i bhfeidhm*], leanfaidh Rialachán (AE) 2019/1242 de réir mar is infheidhme an 30 Meitheamh [*Oifig na bhFoilseachán, cuircuir isteach an bhliain féilire = bliain an 1 Iúil tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh seo*] agus Rialachán (AE) 2018/956 de réir mar is infheidhme an 30 Meitheamh [*Oifig na bhFoilseachán, cuiristeach an bhliain féilire = bliain an 1 Iúil tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh seo*] d’fheidhm a bheith acu.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais agus a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Ceannteideal 3 – Acmhainní nádúrtha agus an Comhshaol

Teideal 9 – An Comhshaol agus Gníomhaíocht ar son na hAeráide

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[25]

☑ síneadh ar bheart atá ann cheana

☑ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é cuspóir ginearálta an togra seo caighdeáin nua maidir le hastaíochtaí a sholáthar chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair nua a laghdú agus chun cur leis an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha i gcomhthéacs níos leithne uaillmhian mhéadaithe an Aontais faoi 2030 agus aeráidneodracht an Aontais faoi 2050.

#### *1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Is iad cuspóirí sonracha an togra seo:

Astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair a laghdú ar bhealach costéifeachtach, i gcomhréir le spriocanna aeráide an Aontais, agus cur le feabhsú shlándáil fuinnimh an Aontais an tráth céanna.

Sochair a sholáthar d’oibreoirí iompair agus d’úsáideoirí Eorpacha, ar FBManna iad den chuid is mó, mar gheall ar úsáid níos leithne feithiclí atá níos fuinneamhéifeachtúla.

An tionscal ceannaireachta teicneolaíochta agus nuálaíochtasan Aontas a neartú trí infheistíochtaí a threorú chuig teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha.

#### *1.4.3. Na torthaí agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis an togra, áireofar go laghdófar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tromshaothair, cuirfear sochair ar fáil d’oibreoirí iompair agus d’úsáideoirí ó thaobh cháilíocht an aeir agus laghdú ar ídiú fuinnimh de, agus neartófar ceannaireacht theicneolaíoch agus nuálaíochta

[25] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

an tslabhra luacha mótarfheithiclí. Táthar ag súil go mbeidh éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh agus slándáil fuinnimh fheabhsaithe ina gcomhthairbhí breise leis.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Sainaithníodh na táscairí seo a leanas:

1. Déanfar faireachán ar mheánastaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair nua sa fhlít ar fud an Aontais arna dtomhas tráth an chineálcheadaithe go bliantúil;

2. Déanfar faireachán ar astaíochtaí GCT feithiclí tromshaothair trí fhardail bhliantúla astaíochtaí GCT na mBallstát;

3. Déanfar faireachán ar líon agus ar chion na bhfeithiclí nuachláraithe astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle trí na sonraí faireacháin bliantúla a chuireann na Ballstáit isteach;

4. Déanfar an leibhéal nuálaíochta a thomhas i dtéarmaí paitinní nua ó mhonaróirí mótarfheithiclí Eorpacha a bhaineann le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha trí bhunachair sonraí paitinne atá ar fáil go poiblí;

5. Déanfar faireachán ar an leibhéal fostaíochta ar bhonn staidrimh Eurostat atá ar fáil go poiblí i dtaobh shonraí fostaíochta na hearnála san Aontas.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1.* Na ceanglais is gá a chomhlíonadh *sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Beidh ar mhonaróirí feithiclí tromshaothair atá nuachláraithe san Aontas faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí agus na spriocanna athbhreithnithe i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a chomhlíonadh

Beidh ar na Ballstáit sonraí teicniúla ar fheithiclí tromshaothair nuachláraithe a thuairisciú don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil go bliantúil.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Is fadhb thrasteorann é an t- athrú aeráide, nach féidir a réiteach le gníomhaíochtaí náisiúnta nó áitiúla amháin. Is gá an gníomhú ar son na haeráide a chomhordú ar leibhéal na hEorpa agus tá údar le beart ón Aontas ar fhorais na coimhdeachta.

Ní bheidh tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta ná ar an leibhéal áitiúil leordhóthanach. Bheadh riosca ilroinnt na margaí mar thoradh ar easpa gníomhaíochta comhordaithe ón Aontas. Ina n-aonar, bheadh na Ballstáit aonair ina margadh róbheag chun athruithe ar leibhéal an tionscail a spreagadh agus chun barainneachtaí scála a chruthú.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Leis an togra, cuirtear leis an reachtaíocht atá ann cheana maidir le hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe agus maidir le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an togra seo comhoiriúnach do chuspóirí Next Generation EU agus do chuspóirí an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil do 2021- 2027[26] lena gcuideofar leis na haistrithe dúbailte glasa agus digiteacha a bhfuil sé d'aidhm ag an Eoraip a bhaint amach.

Tá an togra reachtach comhlántach agus coinníonn sé comhsheasmhacht leis na tograí ábhartha sa phacáiste 'oiriúnach do 55' ar bun. , chomh maith leis an togra Euro 7

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

N/B

[26] https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/long-term-eu-budget/2021-2027/documents_ga

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2024 go 2025.

- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[27]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí'.

Barúlacha:

N/B

[27] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Is éard atá i gceist leis an tionscnamh socruithe riaracháin AS CLIMA atá ann cheana leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde a leithreasú agus an ranníocaíocht leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil a mhéadú.

Teastaíonn bailiú sonraí ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear na Ballstáit, monaróirí mótarfheithiclí agus údaráis chineálcheadaithe náisiúnta. Is é an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil agus AS CLIMA a dhéanann comhordú ar na gníomhaíochtaí bailithe sonraí, le cúnamh ón Airmheán Comhpháirteach Taighde.

Déanann na Ballstáit agus na monaróirí sonraí maidir le clárú feithiclí nua a thuairisciú go bliantúil. Is iad na tacair sonraí sin an bonn chun a chinneadh go bhfuil na monaróirí ag comhlíonadh na gcaighdeán agus chun aon fhíneáil a d'fhéadfadh a bheith ann a fhorchur. Deimhnítear na sonraí ansin le cinneadh ón gCoimisiún.

Leis an togra, éilítear go ndéanfaidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil measúnú ar shonraí breise de bharr na ngrúpaí feithiclí a chumhdaítear as an nua, na forálacha maidir le díolúintí ó mhonaróirí ísealtáirgeachta agus aistriú feithiclí.

Déanfar sonraí maidir le fíorídiú breosla agus/nó fuinnimh leictrigh mar a thaifeadtar ar bord feithiclí agus sonraí maidir le feidhmíocht inseirbhíse a thuairisciú go bliantúil, lena n-áirítear sonraí maidir leis na feithiclí a chuirtear leis an raon feidhme. Rinne an comhreachtóir na fíorfhorálacha dlíthiúla atá ann cheana agus na forálacha dlíthiúla inseirbhíse atá ann cheana a neartú, i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ní clár airgeadais atá á chur chun feidhme leis an togra ach is beartas fadtéarmach atá á dhearadh leis. Ní bhaineann modh bainistíochta, sásraí chun cistiú a chur chun feidhme, módúlachtaí íocaíochta agus straitéis rialaithe i ndáil le rátaí earráide le hábhar

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí sin a mhaolú*

Leagtar síos sa Rialachán Airgeadais agus sna Rialacha maidir le cur i bhfeidhm na modhanna rialaithe atá beartaithe. Ní bhaineann an togra seo le clár caiteachais.

Tá faireachán éifeachtúil agus cruinn ar shonraí clárúcháin feithiclí fíor- riachtanach chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus an reachtaíocht á forfheidhmiú agus chun cothroime iomaíochta idir monaróirí difriúla laistigh de mhargadh aonair an Aontais a áirithiú.

Le bailiú na bhfíorshonraí agus leis an nós imeachta um fhíorú inseirbhíse, áiritheofar gur féidir neamhrialtachtaí sna sonraí clárúcháin feithicle a bhrath agus bearta feabhais éifeachtacha a dhéanamh go tráthúil agus áiritheofar freisin leis nach mbainfear an bonn d'éifeachtacht fhadtéarmach spriocanna an Aontais i leith astaíochtaí $CO_2$.

Áirítear ar na príomhchórais rialaithe inmheánaigh fíorú an chlárúcháin tuairiscithe agus na sonraí teicniúla.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Ní eascraíonn rialuithe/rioscaí móra nua nach gcumhdófaí le creat rialaithe inmheánaigh atá ann cheana féin mar gheall ar an tionscnamh seo. Níor beartaíodh aon bheart eile seachas cur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais. |

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| I dteannta chur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc, in éineacht leis na ceanglais láidrithe maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus an leathnú ar an raon feidhme dá bhforáiltear sa togra seo, beidh faireachán agus tuairisciú feabhsaithe ar fhíorú inseirbhíse agus ar thacair sonraí san fhíorshaol. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[28]. | ó thíortha de chuid CSTE[29] | ó thíortha is iarrthóirí[30] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 09 02 03 Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin | Difreáilte | IS EA | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA |
| 3 | 09 10 02 An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil | Difreáilte | IS EA | IS EA | NÍ hEA | NÍ hEA |
| 7 | 20 02 01 01 Baill Foirne ar Conradh | Neamhdhifreáilte | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh: N/B

28 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
29 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
30 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 3 | ‘Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol’ |

| **AS: CLIMA** | | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| 09 02 03 Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin | Gealltanais | (1) | | 0,100 | 0,100 | 0,100 | 0,100 | **0,400** |
| | Íocaíochtaí | (2) | | 0,100 | 0,100 | 0,100 | 0,100 | **0,400** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | | |
| | | (3) | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe do AS CLIMA** | Gealltanais | = 1 + 3 | | 0,100 | 0,100 | 0,100 | 0,100 | **0,400** |
| | Íocaíochtaí | = 2 + 3 | | 0,100 | 0,100 | 0,100 | 0,100 | **0,400** |

- Beidh ról lárnach ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde i dtacú leis an gCoimisiún le roinnt den obair theicniúil a bheidh de dhíth. Tá Socrú Riaracháin i bhfeidhm idir AS CLIMA agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde.

| **Gníomhaireacht: An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil** | | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| Teideal 1: Caiteachas foirne | Gealltanais | (1a) | | 0,299 | 0,735 | 0,750 | 0,765 | 2,549 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Íocaíochtaí | (2a) | | 0,299 | 0,735 | 0,750 | 0,765 | 2,549 |
| Teideal 2: Bonneagar | Gealltanais | (1b) | | 0,080 | 0,080 | | | **0,160** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | 0,080 | 0,080 | | | **0,160** |
| Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (1c) | | | 0,020 | 0,040 | 0,040 | **0,100** |
| | Íocaíochtaí | (2c) | | | 0,020 | 0,040 | 0,040 | **0,100** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | | |
| | | (3) | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil *** | Gealltanais | =1a+1b +1c | | 0,379 | 0,835 | 0,790 | 0,805 | **2,809** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +2c | | 0,379 | 0,835 | 0,790 | 0,805 | **2.809** |

*Déanfar tionchar buiséadach na n-acmhainní airgeadais breise don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil a fhritháireamh trí laghdú cúiteach ó bhuiséad LIFE, go sonrach ó líne bhuiséid AS CLIMA maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin 09 02 03.

- Caiteachas foirne: Beidh gá le Gníomhaire Sealadach (AD) agus le Gníomhaire ar Conradh (CA) breise chun tacú leis an méid seo a leanas: (i) comhordú, ullmhú agus obair leantach a áirithiú maidir leis an mbailiú, an anailís agus an phróiseáil bhreise sonraí is gá chun bainistiú a dhéanamh ar an méadú i ndearbhlíon na n-astaíochtaí feithiclí a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh orthu, (ii) cur chun feidhme agus úsáid an chórais tuairiscithe, córais dearbhaithe cáilíochta agus córais rialaithe cáilíochta sonraí d’fheithiclí a cuireadh leis as an nua faoi raon feidhme leathnaithe, chomh maith le bainistiú sonraí agus deasc chabhrach theicniúil do na monaróirí breise.

Tá gá le triúr gníomhairí ar conradh breise (ag tosú le beirt ghníomhairí in 2024) le haghaidh na gcúraimí seo a leanas:

Tacaíocht chun roinnt modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a ullmhú agus a fhorbairt (mar shampla: comhlíonadh chritéir cháilíochta an Aontais maidir le haistrithe carbóin a léiriú, mar a leagtar amach in Airteagal 8 den Rialachán iomchuí atá beartaithe);

Bailiú sonraí maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú mar shampla i gcás roinnt gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, a bhaineann le hathfhliuchadh bogach, bainistiú barr agus tionscnaimh foraoisithe/athfhoraoisithe;

Tacaíocht chun na naisc idir clárlanna a áirithiú (mar shampla: na scéimeanna deimhniúcháin agus na bhfardal GCT náisiúnta).

- <u>Costais ar bhonneagar agus ar chaiteachas oibríochtúil:</u> Beidh infheistíochtaí tosaigh teicneolaíochta faisnéise (TF) de dhíth ar an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil le linn an chéad 2 bhliain (EUR 160 000 san iomlán) le haghaidh próiseáil sonraí, agus chun comhlíonadh na gcaighdeán a sheiceáil freisin le haghaidh líon méadaithe feithiclí agus monaróirí. Beidh gá le caiteachas bliantúil athfhillteach chomh maith chun na sreafaí oibre tuairiscithe, bunachair sonraí MSSQL agus uirlisí próisis TF eile a choinneáil ar bun agus a nuashonrú go rialta.

| | | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | 0,479 | 0,935 | 0,890 | 0,905 | **3,209** |
| | Íocaíochtaí | (5) | | 0,479 | 0,935 | 0,890 | 0,905 | **3,209** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 3** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4 | | 0,479 | 0,935 | 0,890 | 0,905 | **3,209** |
| | Íocaíochtaí | =5 | | 0,479 | 0,935 | 0,890 | 0,905 | **3,209** |

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |

| | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: CLIMA | | | | | | | |
| ○Acmhainní daonna | | | 0,091 | 0,091 | 0,091 | 0,091 | **0,364** |
| ○Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS CLIMA** | Leithreasuithe | | 0,091 | 0,091 | 0,091 | 0,091 | **0,364** |

Tá gá le FTE CA chun déileáil leis an mbainistiú breise sonraí.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | | 0,091 | 0,091 | 0,091 | 0,091 | **0,364** |

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | 0,570 | 1,026 | 0,981 | 0,996 | **3,573** |
| | Íocaíochtaí | | 0,570 | 1,026 | 0,981 | 0,996 | **3,573** |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | 2023 | | 2024 | | 2025 | | 2026 | | 2027 | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál [31] | Meán chostas | Ní hea | Costas | Ní hea | Costas | Ní hea | Costas | Ní hea | Costas | Ní hea | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[32]… | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | |

[31] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

[32] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an EEA

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 0,115 | 0,235 | 0,240 | 0,244 | 0,834 |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 0.184 | 0.500 | 0.510 | 0.520 | 1.714 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **0.299** | **0.735** | **0.750** | **0.765** | **2.549** |

Riachtanais foirne (FTE):

| | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 3 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **4** | **5** | **5** | **5** | **5** |

3.2.3.2. Ceanglais mheasta maidir le leithreasuithe riaracháin sa Choimisiún

3.2.3.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | 0,091 | 0,091 | 0,091 | 0,091 | **0,364** |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | 0,091 | 0,091 | 0,091 | 0,091 | **0,364** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[33] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |
| Acmhainní daonna | | | | | | |

33 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | | 0,091 | 0,091 | 0,091 | 0,091 | **0,364** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ○**Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | |
| ○**Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: FTE)**[34] | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz**[35] | - sa Cheanncheathrú | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | | |
| 01 01 01 12 (AC, END, INT – taighde díreach) | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | **1** | **1** | **1** | **1** |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | |
| Pearsanra seachtrach | Bheadh gá le 1 CA don Choimisiún chun déileáil le castacht níos airde agus le raon feidhme leathnaithe na reachtaíochta agus le faireachas agus bainistiú breise gaolmhar. |

*3.2.4 Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

- I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Ní bheartaítear aon chaiteachas oibriúcháin breise. In aon chás, fabhrófar an caiteachas a bheidh ann ar deireadh laistigh d'imchlúdach LIFE. |

[34] AC= Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[35] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

☑ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☑ ar ioncam eile

má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[36] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| Airteagal 4 2 9 | | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

n/b

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

D’fhéadfadh sé go nginfí ioncam ó na Préimheanna Astaíochtaí $CO_2$ Iomarcacha. Leanfar den ioncam is iníoctha ag monaróirí a mheas mar ioncam do bhuiséad ginearálta an Aontais.

---

36 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.